



An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)

14280/23

POLMAR 53
POLGEN 145
POLMIL 271
CYBER 245
HYBRID 71
RELEX 1190
COMAR 41
MAR 125

MARE 23
JAI 1326
CSDP/PSDC 709
CFSP/PESC 1404
ENV 1137
PECHE 443
TRANS 422
PROCIV 70

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/an Chomhairle
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le Straitéis Athbhreithnithe Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh (SSMAE) agus an Plean Gníomhaíochta a ghabhann léi

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí thuasluaite ón gComhairle, Straitéis Athbhreithnithe Slándála Muirí an Aontais (SSMAE) agus an Plean Gníomhaíochta a ghabhann léi, mar a d'fhormheas an Chomhairle (Gnóthaí Ginearálta) iad an 24 Deireadh Fómhair 2023.

CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE

maidir le Straitéis Athbhreithnithe Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh (SSMAE) agus an Plean Gníomhaíochta a ghabhann léi

DÉANANN COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH AN MÉID A LEANAS,

AGUS É Á MHEABHRÚ AICI:

- Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh an 24 Meitheamh 2014¹ agus an chéad Phlean Gníomhaíochta, an 17 Nollaig 2014²;
- Conclúidí ón gComhairle maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar an bplean gníomhaíochta do straitéis slándála muirí an Aontais Eorpaigh (SSMAE) an 26 Meitheamh 2018³;
- Conclúidí ón gComhairle maidir le slándáil mhuirí, an 22 Meitheamh 2021⁴;
- Conclúidí ón gComhairle maidir le rialachas idirnáisiúnta na n-aigéan an 13 Nollaig 2022⁵;
- Compás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint - D'Aontas Eorpach a chosnaíonn a shaoránaigh, a luachanna agus a leasanna agus a chuireann leis an tsíocháin agus leis an tslándáil idirnáisiúnta, an 21 Márta 2022⁶;
- an Teachtaireacht Chomhpháirteach ón gCoimisiún agus ón Ardionadaí maidir leis an nuashonrú ar Straitéis Mhuirshlándála an Aontais Eorpaigh agus ar an bPlean Gníomhaíochta a ghabhann léi: Straitéis fheabhsaithe Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh le haghaidh bagairtí muirí atá ag síorathrú, an 10 Márta 2023⁷;

¹ 11205/14

² 17002/14

³ 10494/18

⁴ 9946/21

⁵ 15973/22

⁶ 7371/22

⁷ 7311/23 + ADD 1

1. FORMHEASANN SÍ, leis seo, Straitéis athbhreithnithe Mhuirshlándála an Aontais Eorpaigh agus an Plean Gníomhaíochta a ghabhann léi mar a leagtar amach iad sna hiarscríbhinní a ghabhann leis na conclúidí seo, a thagann in ionad Straitéis Mhuirshlándála an Aontais ó 2014 agus in ionad an Phlean Gníomhaíochta athbhreithnithe ó 2018 agus a chuireann leis an méid atá bainte amach acu; is é is aidhm do SSMAE agus don Phlean Gníomhaíochta a ghabhann leis an straitéis sin ról réigiúnach agus idirnáisiúnta an Aontais a fheabhsú agus rochtain an Aontais a dhaingniú a thuilleadh ar réimse muirí ar minice a bhíonn sé á chonspóid, go háirithe i bhfianaise iarmhairtí chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin;
2. MEABHRAÍONN SÍ gur le Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh (SSMAE) agus leis an bPlean Gníomhaíochta a cuireadh an creat ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála ar muir. Spreag an straitéis comhar níos dlúithe idir na húdaráis shibhialtacha agus mhíleata, go háirithe trí mhalartú faisnéise. Chuidigh sí le rialachas riailbhunaithe ar muir a chur chun cinn agus chuir sí borradh faoin gcomhar idirnáisiúnta. Is é is aidhm di neamhspleáchas agus acmhainneacht an Aontais a threisiú chun freagairt ar bhagairtí slándála muirí atá ag dul i méid, chomh maith le feachtas ar an réimse muirí a ardú i gcoitinne;
3. MEASANN SÍ GUR DEN TÁBHACHT go leagtar amach le SSMAE athbhreithnithe an creat faoina ndéanfaidh an tAontas tuilleadh gníomhaíochta chun a leasanna ar muir a chosaint, agus chun a shaoránaigh, a luachanna agus a gheilleagar a chosaint, agus rialacha idirnáisiúnta agus comhlíonadh iomlán na n-ionstraimí idirnáisiúnta á gcur chun cinn ag an am céanna, go háirithe Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS);
4. LEAGANN SÍ BÉIM AR A THÁBHACHTAÍ ATÁ SÉ go gcuirfidh an tAontas agus a Bhallstáit Plean Gníomhaíochta athbhreithnithe SSMAE chun feidhme i gcomhréir lena n-inniúlachtaí faoi seach agus i ndlúthchomhar le tíortha agus eagraíochtaí atá ar aon intinn leo;

5. IARRANN SÍ ar na gníomhaithe cur chun feidhme uile, go háirithe na Ballstáit, an Coimisiún agus an tArdionadaí, oibriú go dlúth le chéile agus, i gcás inarb iomchuí, le comhlachtaí agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais, chun an Straitéis agus an Plean Gníomhaíochta a ghabhann léi a chur chun feidhme, ag tógáil ar an méid a baineadh amach le SSMAE ó 2014 i leith, lena n-áirítear comhsheasmhacht le beartais earnálacha eile de chuid an Aontais agus úsáid á baint as ionstraimí agus gníomhaíochtaí beartais ábhartha, faoi threoir fhoriomlán an Chompáis Straitéisigh; MEABHRAÍONN SÍ go ndéantar an Plean Gníomhaíochta a athbhreithniú agus nuashonrú go rialta más gá;
6. IARRANN SÍ go ndéanfaí tuairisciú dírithe agus rialta ar chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta, lena n-áirítear trí mheán na Meithle um Shaincheisteanna Muirí - SSMAE, chun malartú dea-chleachtas a éascú, chomh maith le feasacht agus obair leantach ar ghníomhaíochtaí cur chun feidhme a fheabhsú, faireachán a dhéanamh ar dhul chun cinn, measúnú a dhéanamh ar bhagairtí agus ar dhúshláin agus aghaidh a thabhairt ar aon bhearnaí atá ann;
7. IARRANN SÍ ar an gCoimisiún agus ar an Ardionadaí, 3 bliana tar éis don Chomhairle an Straitéis a fhormheas, tuarascáil chomhpháirteach ar dhul chun cinn ina mbeidh rannchuidiú ó na Ballstáit a chur faoi bhráid na Comhairle.

IARSCRÍBHINN I A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Straitéis Athbhreithnithe Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh

I. RÉAMHRÁ

Tá an tslándáil mhuirí rithabhachtach don Aontas Eorpach (AE) agus dá Bhallstáit. Le chéile, is iad Ballstáit an Aontais an limistéar eacnamaíoch eisiach comhcheangailte is mó ar domhan. Tá geilleagar an Aontais ag brath go mór ar aigéin shábháilte shlána: déantar os cionn 80 % den trádáil dhomhanda a iompar ar muir, agus déantar thart ar dhá thrían de sholáthar ola agus gáis an domhain a eastóscadh ar muir nó a iompar ar muir¹, agus déantar suas le 99 % de na sreafaí sonraí domhanda a tharchur trí cháblaí faoin bhfarraige². Chun rialachas éifeachtach na n-aigéan a áirithiú, chun ár gcuid aigéan agus chun grinneall na n-aigéan a chosaint, agus chun leas iomlán a bhaint as an ngeilleagar gorm inbhuanaithe³, ba cheart an réimse muirí domhanda a bheith slán.

Ó bhí 2014 ann, cuireadh an creat chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin slándála ar muir ar fáil le Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh (SSMAE) agus leis an bplean gníomhaíochta⁴. Spreag an straitéis comhar níos dlúithe idir na húdaráis shibhialtacha agus mhíleata, go háirithe trí mhalartú faisnéise. Chuidigh sí le rialachas riailbhunaithe ar muir a chur chun cinn agus chuir sí borradh faoin gcomhar idirnáisiúnta. Neartaigh sé neamhspleáchas agus acmhainneacht an Aontais freagairt ar bhagairtí slándála muirí⁵.

Tógann an Straitéis seo ar SSMAE 2014 agus tagann sí ina ionad. Leanann sí de bheith á treorú ag prionsabail SSMAE 2014: cur chuige trasearnála, sláine fheidhmiúil, urraim do rialacha idirnáisiúnta – an dlí idirnáisiúnta, cearta an duine agus an daonlathas agus comhlíonadh iomlán Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (UNCLOS) – agus an t-iltaobhachas muirí.

¹ 10729/22

² [https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/IDAN/2022/702557/EXPO_IDA\(2022\)702557_EN.pdf](https://www.europarl.europa.eu/RegData/etudes/IDAN/2022/702557/EXPO_IDA(2022)702557_EN.pdf)

³ 8810/21

⁴ 11205/14 agus 10494/18

⁵ 9946/21

Tugtar aird ar leith sa Straitéis seo ar gach ceann de na himchuacha farraige agus fo-fharraige Eorpacha, eadhon an tAigéan Atlantach, Muir Bhailt, an Mhuir Dhubh, an Mheánmhuir, an Mhuir Thuaidh, an tAigéan Artach agus na réigiúin is forimeallaí.⁶ Mar sin féin, ós rud é go mbíonn tionchar dosheachanta ag an tslándáil mhuirí in aon chuid den domhan ar an gcuid eile den domhan, ciallaíonn sé sin go bhfuil raon feidhme domhanda ag leasanna slándála muirí an Aontais.

Tá ról ag an Aontas mar sholáthraí slándála muirí domhanda, ar ról é atá ag éirí níos tábhachtaí, trína chuid oibríochtaí cabhlaigh féin a dhéanamh, e.g. Atalanta⁷ agus Irini⁸, trí choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe (CMP)⁹ a chur chun feidhme, agus trí fheasacht ar réimsí muirí a chur chun cinn agus comhoibriú le raon leathan comhpháirtithe seachtracha. Ina theannta sin, le córais oibriúcháin Copernicus um fhaireachas muirí agus faireachas ar theorainneacha, arna gcur chun feidhme ag an nGníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) agus ag an nGníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex), soláthraítear breathnóireacht spásbhunaithe, lena gcomhlánaítear seirbhísí loingseoireachta shatailítí Galileo.

Tá athruithe móra ag teacht ar an timpeallacht straitéiseach fhoriomlán. I bhfianaise na géarchéime aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil, forbairt leanúnach cineálacha éagsúla gáinneála neamhdhleathaí agus sciúradh acmhainní muirí, lena n-áirítear iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN), bagairtí ar phríomhbhonneagair mhuirí agus iarmhairtí fhogha míleata neamhdhleathach agus gan údar na Rúise faoin Úcráin, tá gá le tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas mar sholáthraí slándála idirnáisiúnta.

⁶ Cuimsíonn réimse muirí an Aontais uiscí críochacha, limistéir eacnamaíochas eisiacha agus scairbh ilchríochach Bhallstáit an Aontais mar a shainítear i gCoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe 1982 maidir le Dlí na Farraige chomh maith le gach úsáid dhlíthiúil a bhaintear as an Aigéan agus as na farraigí a chuirtear ar fáil ann.

⁷ <https://eunavfor.eu/>

⁸ <https://www.operationirini.eu/>

⁹ 6256/22 agus 6255/22

Bunaithe ar Chompás Straitéiseach an Aontais don tSlándáil agus don Chosaint a d'fhorghuigh an Chomhairle Eorpach i mí an Mhárta 2022¹⁰ agus ar an Teachtaireacht Chomhpháirteach maidir le Slándáil Mhuirí i mí an Mhárta 2023¹¹, is é is aidhm don athbhreithniú sin ar SSMAE agus ar a phlean gníomhaíochta freagairt ar na dúshláin nua. Is deis é chun réitigh inbhuanaithe ar fhadhbanna slándála muirí a chur chun cinn. Is deis é freisin chun tuilleadh feabhais a chur ar ról an Aontais agus a Bhallstát go hidirnáisiúnta agus chun rochtain an Aontais a dhaingniú a thuilleadh ar réimse muirí atá ag éirí níos conspóidí.

Is creat é don Aontas an SSMAE athbhreithnithe chun tuilleadh gníomhaíochta a dhéanamh chun a leasanna ar muir a chosaint, agus chun a shaoránaigh, a luachanna agus a gheilleagar a chosaint. Is é an aidhm atá ann an tsíocháin agus an tslándáil idirnáisiúnta a chur chun cinn, mar aon le saorghluaiseacht trádála agus saoirse loingseoireachta a choimirciú agus, an tráth céanna, cloí le prionsabal na hinbhuanaitheachta agus cosaint na bithéagsúlachta. Cuirfidh an tAontas agus a Bhallstáit an straitéis athbhreithnithe chun feidhme, i gcomhréir lena n-inniúlachtaí sonracha.

II. BAGAIRTÍ SLÁNDÁLA MUIRÍ ATÁ AG TEACHT CHUN CINN AGUS AG FÁS

Tá go leor athraithe ar an gcomhthéacs geopholaitiúil domhanda ó glacadh straitéis slándála muirí an Aontais Eorpaigh in 2014, rud a éilíonn gníomhaíocht nua fheabhsaithe. Léirítear in Anailisiú an Aontais ar Bhagairtí go bhfuil méadú ag teacht ar na bagairtí agus na dúshláin a bhfuil an tAontas ag tabhairt aghaidh orthu, lena n-áirítear bagairtí agus dúshláin sa réimse muirí¹². Tá méadú ag teacht ar an iomaíocht straitéiseach le haghaidh cumhachta agus acmhainní. Tá bagairtí ag éirí níos casta agus níos ilsrathaí, agus tá roinnt tíortha ag iarraidh bunphrionsabail an oird iltaobhaigh riailbhunaithe a athshainiú, lena n-áirítear trí sháruithe ar cheannasacht agus ar theorainneacha náisiúnta agus trí ghníomhaíochtaí athbhreithnitheacha eile, mar shampla gníomhartha ar sáruithe iad ar an tsaoirse loingseoireachta agus éilimh mhuirí atá contrártha leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe UNCLOS. Mar thoradh ar fhogha míleata na Rúise faoin Úcráin, agus é gan údar gan chúis, tá cogadh san Eoraip arís. Is athrú mór é i dtimpeallacht straitéiseach na hEorpa, agus bíonn éifeachtaí iarmharta diúltacha aige ar shlándáil mhuirí agus ar gheilleagar na hEorpa, rud a mbíonn tionchar aige ar shaoránaigh agus ar ghnólachtaí na hEorpa.

¹⁰ Compás Straitéiseach 7371/22

¹¹ 7311/23 + ADD 1

¹² Is éard atá in Anailisiú an Aontais ar Bhagairtí anailís chuimsitheach fhaisnéisbhunaithe ar an raon bagairtí agus dúshlán a dtugann an tAontas aghaidh orthu nó a d'fhéadfadh a bheith air aghaidh a thabhairt orthu amach anseo. Tugtar cothrom le dáta go rialta í agus feidhmíonn sí mar fhaisnéis chúlra chun cuidiú le forbairt agus cur chun feidhme Chompás Straitéiseach an Aontais don tSlándáil agus don Chosaint.

Tá dúshlán á thabhairt don tslándáil mhuirí i roinnt mhaith réigiún, lena n-áirítear díospóidí críochacha agus muirí, iomaíocht le haghaidh acmhainní nádúrtha agus bagairtí ar shaoirse loingseoireachta agus ar chearta gluaiseachta neamhurchóidí agus idirthurais. Cruthaíonn na dúshláin sin teannas agus éagobhsaíocht in imchuacha farraige ar fud an Aontais.

Tá méadú tagtha freisin ar na dúshláin atá roimh an tslándáil mhuirí dhomhanda lasmuigh d'imchuacha na hEorpa, lena n-áirítear Murascaill na Guine, Murascaill Áidin, Caolas Hormuz, Caolas Malacca, agus i Muir na Síne Theas, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do leasanna Bhallstáit an Aontais agus leasanna a gcomhpháirtithe. Tá méadú ag teacht ar threallús roinnt tíortha nach bhfuil san Aontas mar aon lena gcumas míleata ar muir agus tá siad ag dul i muinín gníomhaíochtaí aontaobhacha, lena n-áirítear trí fhorneart a úsáid nó a bhagairt i gcoinne tíortha eile. Áirítear leis sin briogadh agus gníomhaíochtaí aontaobhacha in aghaidh Bhallstáit an Aontais agus sáruithe ar chearta ceannasacha lena sáraítear an dlí idirnáisiúnta. Leis na gníomhaíochtaí sin, cuirtear i gcoinne an smachta reachta agus an oird idirnáisiúnta bunaithe ar UNCLOS.

Tá an réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, mar a bhfuil na Réigiúin is Forimeallaí (an tAigéan Indiach) agus Tíortha agus Críocha Thar Lear (an tAigéan Ciúin) ag an Aontas, ina limistéar dian-iomaíochta geopholaitiúla. Déanann an taispeántas fornirt agus an teannas méadaithe i réigiúin cosúil le Muir na Síne Theas agus Thoir agus Caolas na Téaváine difear don tslándáil agus don rathúnas domhanda agus Eorpach. Chun an chobhsaíocht agus an tslándáil a choinneáil ar bun feadh na bpríomhbhealaí loingseoireachta – mar shampla Caolas Malacca agus Caolas Shingepór, Corn na hAfraice agus an tAigéan Indiach – éilítear ar an Aontas agus a Bhallstáit dlús a chur leis an ngníomhaíocht ó thaobh tionscnaimh láithreachta, comhpháirtíochta agus comhair de, i gcomhréir le straitéis an Aontais maidir le comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach.

Meastar go mbeidh drochiarmhairtí suntasacha fadtéarmacha ag an athrú aeráide agus ag truailliú muirí i ndáil leis an tslándáil mhuirí. D'fhéadfaí a áireamh orthu sin cailliúint bithéagsúlachta, ídiú stoc éisc, tuilte i limistéir chósta agus ar oileáin, cailliúint sceireacha coiréil, mangróibh agus bogaigh eile¹³. Tá sé tábhachtach tuiscint níos fearr a bheith ann ar na hidirghníomhaíochtaí idir an t-athrú aeráide agus díghrádú comhshaoil na limistéar cósta agus muirí, agus a n-éifeachtaí ar an tslándáil mhuirí a íoslaghdú aon uair is féidir, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí thaighde spriocdhírithe leanúnach agus nua. Feidhmíonn an t-athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil mar iolraitheoirí riosca tríd an éagobhsaíocht agus an neamhionannas a mhéadú, rud a chuireann leis an gcoireacht thrasnáisiúnta, leis an bpíoráideacht agus leis an teannas i dtaca le hacmhainní muirí. Chuige sin, tá gá le prionsabal nua a chuirfidh ar a chumas don Aontas an tsochaí a dhéanamh níos athléimní ó thaobh na haeráide de, an dúlra a chosaint agus díghrádú na n-éiceachóras a aisiompú¹⁴. Os a choinne sin, d'fhéadfadh sé go mbeadh damáiste don chomhshaoil mar thoradh ar bhearnaí sa tslándáil mhuirí, mar shampla bac ar rochtain ar láithreáin éillithe, atreorú cistí ó chosaint an chomhshaoil nó gníomhartha sabaitéireachta i gcoinne an bhonneagair mhuirí. Ina theannta sin, d'eascair iarmhairtí millteacha daonna, eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil as an bhfogha míleata a thug an Rúis faoin Úcráin, lena n-áirítear cailliúint bithéagsúlachta.

¹³ SROCC ó IPCC (2019) agus an tuarascáil ó Mheitheal II, AR6 (2022)

¹⁴ 8219/20

I ngeall ar ionsaithe 2022 ar phíblínte Nord Stream i Muir Bhailt, láithreachtaí neamhúdairithe thart ar bhonneagar criticiúil muirí sa Mhuir Thuaidh agus na cibirionsaithe athfhillteacha atá dírithe ar bhonneagar muirí, lena n-áirítear i gcomhthéacs feachtas hibrídeach, ní mór don Aontas a chuid gníomhaíochta a threisiú agus a bhonneagar criticiúil a chosaint ar bhealach níos éifeachtaí, go háirithe trí theicneolaíochtaí nuálacha a fhorbairt. De réir mar a dhéantar claochlú digiteach ar an tionscal muirí, tagann méadú ar a chastacht agus ar leochaileachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann. Tá méadú ag teacht ar an dóchúlacht go n-úsáidfídh gníomhaithe mailíseacha cibearmhodhanna, lena n-áirítear i gcomhthéacs feachtas hibrídeach, chun díriú ar bhonneagar muirí, lena n-áirítear cáblaí agus píblínte faoin bhfarraige, suiteálacha a bhaineann le fuinneamh, chomh maith le calafoirt agus longa. Sa mholadh ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe uile-Aontais chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil¹⁵ a neartú, aithnítear gur gá gníomhú. Ina theannta sin, sa mholadh ón gCoimisiún maidir le spriocanna athléimneachta an Aontais de dheasca tubaiste, leagtar amach bearta lena n-áirítear rannchuidiú le hullmhacht níos fearr ag an Aontas agus na Ballstáit le haghaidh tubaistí nádúrtha agus tubaistí de dhéantús an duine agus lena gcumas freagairt orthu, lena n-áirítear tubaistí ar muir¹⁶.

Bagairtí agus gníomhaíochtaí aindleathacha – mar shampla an phíoráideacht agus robáil armtha ar muir, imirce neamhrialta, coireacht eagraithe, lena n-áirítear smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, gáinneáil ar airm agus támhshuanaigh, sceimhlitheoireacht, iascaireacht NNN, gníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, lena n-áirítear taiscéalaíocht neamhúdairithe i limistéir eacnamaíocha eisiacha agus scairbheacha ilchríochacha Bhallstáit an Aontais, agus rioscaí a bhaineann le hordanás neamhphléasctha¹⁷ ar muir – is dúshlán chomh ríthábhachtach céanna iad fós san iliomad réigiún, agus tá roinnt limistéir chósta agus críocha iargúlta de chuid an Aontais an-leochaileach. D'fhéadfadh slándáil calafort neamhleor agus drochfheasacht ar réimsí muirí cuid de na gníomhaíochtaí aindleathacha sin a éascú. Féadfaidh gníomhaithe mailíseacha na bagairtí agus na gníomhaíochtaí sin a chomhcheangal mar ionsaithe hibrídeacha in aghaidh an Aontais agus a Bhallstát.

¹⁵ 2023/C 20/01, lgh.1-11

¹⁶ 6259/23 agus 2023/C 56/01, lgh. 1-11

¹⁷ Tagraíonn ordanás neamhphléasctha d'airm phléascacha (buamaí, sliogáin, gránáidí, mianaigh thalún, mianaigh chabhlaigh, cnuasmhuinisean, agus muinisin eile) nár phléasc lena mbaineann baol madhmtha fós, uaireanta blianta fada tar éis iad a úsáid nó a chaitheamh amach.

III. LEASANNA SLÁNDÁLA MUIRÍ AN AONTAIS

I bhfianaise na mbagairtí slándála muirí atá ag teacht chun cinn, is iad seo a leanas leasanna bunúsacha an Aontais:

- slándáil an Aontais, a Bhallstát, a shaoránach agus a chomhpháirtithe a áirithiú;
- síocháin agus cobhsaíocht dhomhanda a chaomhnú, agus bealaí loingseoireachta muirí a choinneáil saor agus oscailte do chách, agus sábháilte ó na bagairtí a bhaineann le gníomhaithe stáit agus neamhstáit;
- seasamh leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe UNCLOS mar an creat dlíthiúil uileghabhálach lena rialaítear gach gníomhaíocht san aigéan, agus rialachas fóna idirnáisiúnta na n-aigéan a chur chun cinn, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí choinbhinsiúin réigiúnacha farraige;
- acmhainní nádúrtha agus an comhshaol muirí a chosaint, agus bainistiú a dhéanamh ar iarmhairtí an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil ar an tslándáil mhuirí;
- athléimneacht eintiteas criticiúil agus slándáil líonraí agus córas faisnéise a fheabhsú;
- athléimneacht agus cosaint bonneagair mhuirí chriticiúil¹⁸ (ar tír agus amach ón gcósta) a áirithiú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí aghaidh a thabhairt ar na rioscaí agus na bagairtí a bhaineann leis an athrú aeráide, agus ar na rioscaí agus na bagairtí a eascraíonn as infheistíochtaí díreacha coigríche;

¹⁸ Mar shampla, cáblaí agus píblínte faoin bhfarraige, moil lóistíochta (i.e. calafoirt), suiteálacha fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta, ardáin ola agus gáis amach ón gcósta, etc.

- athléimneacht agus cosaint mol lóistíochta a neartú, i.e. calafoirt, lena n-áirítear aghaidh a thabhairt ar rioscaí a bhaineann le héilliú agus gníomhaíochtaí aindleathacha;
- gníomhaíochtaí eacnamaíocha ar muir a chosaint agus, ar an gcaoi sin, rannchuidiú le geilleagar gorm inbhuanaithe (ar tír agus amach ón gcósta araon);
- teorainneacha seachtracha an Aontais agus a shlándáil inmheánach a chosaint, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar an ngáinneáil ar dhaoine, agus ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha eile, lena n-áirítear an sceimhlitheoireacht;
- limistéir mhuirí Bhallstáit an Aontais a choimirciú ó ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha, neamhúdaraíthe taiscéalaíochta agus druileála le haghaidh hidreacarbón;
- an acmhainneacht gníomhú go pras agus go héifeachtach sa réimse muirí, agus cur chuige ilréimse á ghlacadh (i.e. talamh, aer, cibearspás agus cianspás), a áirithiú;
- sábháilteacht agus slándáil maraíthe a áirithiú i gcomhréir le ceanglais an Choinbhinsiúin Oibreachais Mhuirí agus le coinbhinsiúin ábhartha eile na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair.

IV. FREAGAIRT AN AONTAIS A NEARTÚ

Leis an straitéis slándála muirí athbhreithnithe, cuideofar le leasanna an Aontais a liostaítear thuas a chosaint ar na bagairtí slándála muirí atá ag teacht chun cinn agus ag dul i méid. Chuige sin, cuirfidh an tAontas dlús le gníomhaíocht faoi shé cinn de chuspóirí straitéiseacha:

1. dlús a chur le gníomhaíochtaí ar muir;
2. comhoibriú le comhpháirtithe;
3. a bheith chun tosaigh maidir le feasacht ar réimsí muirí a threorú;
4. rioscaí agus bagairtí a bhainistiú;
5. feabhas a chur ar chumais;
6. oideachas agus oiliúint a chur ar fáil.

Cuirfear an SSMAE athbhreithnithe chun feidhme trí bhíthin Plean Gníomhaíochta (in iarscríbhinn) agus faoi chuimsiú an Chur Chuige Comhtháite¹⁹. Chun an straitéis a chur chun feidhme, i gcomhar lena Bhallstáit, úsáidfídh an tAontas na beartais, na huirlisí agus na hionstraimí ábhartha ar fad, idir shibhialtach agus mhíleata, agus comhordóidh sé beartais agus gníomhaíochtaí na ngníomhaithe ábhartha ar fad ar an leibhéal Eorpach, réigiúnach agus náisiúnta, agus a sineirgí agus a gcomhlántacht á neartú. Ina theannta sin, cuirfidh an straitéis rannpháirtíocht níos comhleanúnaí de chuid an Aontais chun cinn i gcoinbhleachtaí agus i ngéarchéimeanna seachtracha, chun feabhas a chur ar shlándáil an Aontais agus a chuid saoránach.

¹⁹ Tarraingítear an ‘cur chuige comhtháite i leith coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha’ ó Straitéis Dhomhanda an Aontais 2016. Formhuiníodh é sna conclúidí ón gComhairle in 2018 maidir leis an gCur Chuige Comhtháite i ndáil le Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna Seachtracha (5413/18). Sainithnítear ann creat faoinar féidir leis an Aontas rannpháirt níos comhleanúnaí agus níos iomláine a bheith aige i dtaca le coinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha agus cuirtear chun cinn an tslándáil dhaonna, agus dá réir sin, slándáil an Aontais gona shaoránaigh.

Tá gníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le gach imchuach farraige ar fud an Aontais mar chuid den Phlean Gníomhaíochta. Ba cheart straitéisí réigiúnacha an Aontais²⁰ agus cláir fothaithe acmhainneachta a chur san áireamh i ngníomhaíocht faoi SSMAE, chomh maith le comhar le tíortha comhpháirtíochta. Ar deireadh, le cur chun feidhme SSMAE, ba cheart go ndéanfaí cuimsiú gnéithe slándála muirí a chur chun cinn i ngach straitéis agus tionscnamh réigiúnach ábhartha chomh maith le straitéisí macrairéigiúnacha, lena n-áirítear go háirithe iad siúd do na himchuacha farraige ar fud an Aontais.

1. Dlús a chur le gníomhaíochtaí ar muir

Iarrtar i gCompás Straitéiseach an Aontais go ndéanfaí rannpháirtíocht an Aontais maidir leis an tslándáil mhuirí a neartú a thuilleadh. Cuidíonn imscaradh rialta le géarchéimeanna nua a chosc agus géarchéimeanna leanúnacha a bhainistiú. Faoi chreat an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC), tá Oibríocht Atalanta ag feidhmiú san Aigéan Indiach Thiar ó bhí 2008 ann. I bhfianaise a teiste rathúla, leathnaíodh sainordú Oibríocht Atalanta ó chomhrac na píoráideachta go hoibríocht slándála muirí níos leithne, le limistéar oibríochtaí níos leithne san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh agus tá naisc agus sineirgí á neartú aige a thuilleadh leis an misean um fheasacht mhuirí i gCaolas Hormuz (EMASOH)²¹ atá faoi stiúir Eorpach. Sa Mheánmhuir, tá sé mar phríomhchúram ar Oibríocht Irini trádbhac arm na Náisiún Aontaithe ar an Libia a fhorfheidhmiú. Is rannchuidiú díreach ón Aontas é sin leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht sa Mheánmhuir, rud a chuireann leis an tslándáil mhuirí. I gcomhréir leis an gCur Chuige Comhtháite, rannchuidíonn an tAontas freisin le feabhas a chur ar an tslándáil mhuirí trí oiliúint agus fothú acmhainneachta a chur ar fáil do chomhpháirtithe trí mhisin CBSC, mar shampla Misean Oiliúna an Aontais Eorpaigh (EUTM), Misean Fothaithe Acmhainneachta an Aontais Eorpaigh (EUCAP) sa tSomáil, agus Misean Cúnaimh Teorann an Aontais Eorpaigh (EUBAM) na Libia, agus beartais agus uirlisí ábhartha á gcur san áireamh, lena n-áirítear an mionchoincheap maidir le bainistiú teorainneacha agus slándáil mhuirí.

²⁰ Mar shampla an Straitéis Chuimsitheach leis an Afraic (6703/20), Straitéis an Aontais maidir le Murascaill na Guine (7671/14), Straitéis an Aontais don réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach (11930/21), beartas an Aontais maidir leis an Artach (1287/21) agus an Straitéis maidir leis na Réigiúin is Forimeallaí (8781/22).

²¹ <https://www.diplomatie.gouv.fr/en/french-foreign-policy/europe/news/article/european-maritime-awareness-in-the-soh-emasoh-political-statement-by-the>

In 2021, thug an tAontas isteach coincheap nua na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe (CMP). Is é is aidhm don uirlis sholúbtha nua seo borradh a chur faoi rannpháirtíocht chomhchoiteann an Aontais maidir leis an tslándáil mhuirí tríd an úsáid is fearr a bhaint as sócmhainní cabhlaigh na mBallstát i réimsí a bhfuil leas straitéiseach ag an Aontas iontu. Sa chomhthéacs sin, ba cheart don Aontas dlús a chur lena thacaíocht do ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha agus aindleathacha ar muir a chomhrac, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, gáinneáil ar dhrugaí, píoráideacht agus iascaireacht NNN. Ar bhonn na taithí a fuarthas trí chur chun feidhme CMP i Murascaill na Guine agus a luaithe a gheofar dóthain taithí san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh (lena n-áirítear an Mhuir Rua), féadfaidh an tAontas limistéir leasa mhuirí nua a mheá maidir leis an gcoincheap sin a chur chun feidhme. Dá mbunófaí limistéir leasa mhuirí nua, chuirfí le feasacht staide, comhpháirtíochtaí agus cultúr straitéiseach an Aontais mar ghníomhaí slándála muirí.

Cuirtear i dtábhacht i gCompás Straitéiseach an Aontais freisin a thábhachtaí atá sé ullmhacht agus idir-inoibritheacht a áirithiú i measc fhórsaí cabhlaigh Bhallstáit an Aontais, agus iarrtar ar an Aontas freachnaimh bheo a dhéanamh i ngach réimse. Dá bhrí sin, seolfaidh an tAontas freachnamh bliantúil slándála muirí lena mbaineann acmhainní²² cabhlaigh chun ullmhacht a threisiú, chun idir-inoibritheacht a chothú agus chun dul i ngleic leis na bagairtí ar an tslándáil mhuirí atá ag teacht chun cinn.

Tá comhar idirghníomhaireachta curtha ar bun ag an Aontas idir an Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA), an Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA) agus Frontex tríd an Socrú Oibre Tríthaobhach (TWA) chun tacú le húdaráis náisiúnta an gharda cósta.

²² Freachnamh a bhaineann le cabhlaigh agus le húdaráis slándála muirí ón oiread Ballstát agus is féidir chun cumais ullmhachta agus freagartha a mhéadú ar rioscaí agus bagairtí traidisiúnta, nua agus athraitheacha.

Déanann EFCA pleananna imscartha comhpháirteacha lena gcomhordaítear na Ballstáit i ngach imchuach farraige mórtimpeall an Aontais, lena n-áirítear uiscí idirnáisiúnta san Atlantach Thuaidh agus sa Mheánmhuir maidir le faireachán, rialú agus faireachas iascaigh.

Cabhraíonn EMSA leis an gCoimisiún cigireachtaí slándála muirí a dhéanamh i gcalafoirt, i saoráidí calafoirt agus i longa san Aontas, agus tá sé ag féachaint ar bhealaí chun feabhas a chur ar an tslándáil mhuirí i réimsí amhail longa paisinéirí nó an chibearshlándáil. I gcomhréir leis na treoirlínte straitéiseacha maidir le Bainistiú Comhtháite ar Theorainneacha na hEorpa²³, ba cheart don chóras faireachais a bheith in ann gach soitheach a thagann isteach in uiscí teorann a bhrath, a shainaithint agus, más gá, a rianú agus a idircheapadh agus rannchuidiú lena áirithiú go ndéanfar beatha daoine ar muir a chosaint agus a shábháil i ngach saghas aimsire. Ba cheart do na Ballstáit an leas is fearr is féidir a bhaint as na cumais faireachais atá á dtairiscint ag Frontex chun cumais náisiúnta agus feacht fhoriomlán staide a uasghrádú.

Déanann Frontex oibríochtaí comhpháirteacha mar shampla Indalo, Themis agus Poseidon chun teorainneacha seachtracha an Aontais a rialú, chun dul i ngleic leis an imirce neamhrialta, chun coireacht trasteorann a chomhrac agus chun comhar Eorpach maidir le feidhmeanna garda cósta a fheabhsú, lena n-áirítear cuardach agus tarrtháil.

Déanann Frontex, EFCA agus EMSA oibríochtaí muirí ilchuspóireacha chun an choireacht trasteorann a chomhrac, lena n-áirítear smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, chun truailliú muirí agus iascaireacht neamhdhleathach a bhrath, agus chun cúraimí faireachais eile a dhéanamh san iliomad imchuacha farraige ar fud an Aontais. Ba cheart don Aontas na hoibríochtaí ilchuspóireacha tábhachtacha sin a fhorbairt a thuilleadh.

²³ 9528/22

Is iad seo a leanas príomhghníomhaíochtaí an Aontais²⁴ sa Straitéis seo chun dlús a chur le gníomhaíochtaí ar muir:

- freachnaimh slándála muirí a eagrú, lena n-áirítear freachnaimh bhliantúla chabhlaigh agus ghardaí cósta na mBallstát²⁵;
- oibríochtaí cabhlaigh an Aontais (Atalanta agus Irini) atá ann cheana a threisiú le sócmhainní cabhlaigh agus aeir suas go dtí na leibhéil a léirítear ina gcomhráitis riachtanais;
- limistéir leasa mhuirí nua a bhreithniú maidir le coincheap CMP a chur chun feidhme, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh agus ar na tograí ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí;
- dlús a chur le gníomhaíochtaí neamhdhleathacha agus aindleathacha ar muir a chomhrac, lena n-áirítear gáinneáil ar dhrugaí, sna limistéir leasa mhuirí;
- cigireachtaí slándála muirí a choinneáil ar bun agus a threisiú san Aontas agus aghaidh a thabhairt ar an gcibearshlándáil agus ar shlándáil long paisinéirí;
- dlús a chur leis an gcomhar ar leibhéal an Aontais maidir le feidhmeanna garda cósta trí fhorbairt oibríochtaí ilchuspóireacha muirí a chur chun cinn san iliomad imchuacha farraige ar fud an Aontais.

²⁴ Le príomhghníomhaíochtaí an Aontais a liostaítear faoi gach ceann de na sé chuspóir shonracha déantar achoimre ar ghnéithe tábhachtacha de na gníomhaíochtaí a chuirtear i láthair go mion sa phlean gníomhaíochta.

²⁵ 7371/22 Compás Straitéiseach

2. Comhoibriú le comhpháirtithe

Tá caidreamh agus sineirgí maidir leis an tslándáil mhuirí cruthaithe ag an Aontas cheana féin le heagraíochtaí iltaobhacha agus réigiúnacha ar an leibhéal domhanda agus ar an leibhéal réigiúnach araon (e.g. leis na Náisiúin Aontaithe (NA) lena n-áirítear Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht (UNODC) agus Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta na Náisiún Aontaithe (IMO), Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh (ECAT), an tAontas Afracach (AA), agus Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN)²⁶) agus le roinnt tríú tíortha.

Tá comhar idirnáisiúnta forbartha ag an Aontas agus a Bhallstáit freisin trí idirphlé déthaobhach, cuairteanna ar chalafoirt agus freachnaimh bheo, go háirithe sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, e.g. leis an Astráil, leis an tSeapáin, leis an India, leis an Indinéis, le Poblacht na Cóiré, le hÓman agus le Singeapór. Glacann oibríochtaí Atalanta agus Irini páirt i sásraí um chomhroinnt feasachta agus rannpháirtíocht iltaobhach, lena n-áirítear comhdhálacha um fheasacht chomhroinnte agus díchoinbhleachtú. Soláthraíonn an tAontas Eorpach tacaíocht shuntasach freisin don tslándáil mhuirí faoina chomhar um fhorbairt, a chabhair dhaonnúil, agus a bhearta tacaíochta don bheartas eachtrach.

²⁶ Le fada an lá, tá an tslándáil mhuirí ina tosaíocht chomhroinnte ag an Aontas agus ag Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas araon. Dhírigh an comhar idir an dá réigiún ar fhreagairt ar bhagairtí muirí trasnáisiúnta mar shampla an phíoráideacht, an smuigleáil, an inimirce neamhdhlíthiúil, rioscaí tubaiste agus tionchair an truaillithe agus an athraithe aeráide. Tacaíonn an tAontas Eorpach leis an bpróiseas faoi stiúir ASEAN i dtreo Cód Iompair éifeachtach substainteach i Muir na Síne Theas, atá i gcomhréir iomlán le UNCLOS agus nach ndéanann dochar do leasanna tríú páirtithe.

San Aigéan Indiach Thiar, tacaíonn an tAontas le hollstruchtúr réigiúnach mhuirí atá bunaithe ar chomhleá faisnéise agus ar lárionaid oibríochtaí i Madagascar agus sna Séiséil, agus ar Chód Iompair Djibouti maidir leis an bPíoráideacht agus an Robáil Armtha in aghaidh Longa san Aigéan Indiach Thiar agus i Murascaill Áidin a chur faoi Chois²⁷.

Ar an gcaoi chéanna, i Murascaill na Guine, áit ar cuireadh coincheap CMP i bhfeidhm go rathúil, tacaíonn an tAontas le heagraíochtaí réigiúnacha agus le stáit chósta a straitéisí slándála muirí féin a chur chun feidhme, forfheidhmiú an dlí mhuirí agus an ceartas muirí a neartú, slándáil agus sábháilteacht calafoirt a fheabhsú, chomh maith le haghaidh a thabhairt ar ábhair eile a bhfuil ábharthacht ar leith ag baint leo maidir le stáit chósta, eadhon iascaireacht NNN²⁸. Leanfaidh an tAontas de bheith ag cur le feasacht ar réimsí muirí agus le comhroinnt faisnéise, lena n-áirítear faisnéis satailíte, faoi Ollstruchtúr Yaoundé²⁹. San Aigéan Atlantach i gcoitinne, tacaíonn an tAontas le gníomhaíochtaí aindleathacha a chomhrac i gcomhar le comhpháirtithe, go háirithe an gháinneáil ar dhrugaí a chomhrac.

²⁷ An tSlándáil Mhuirí in Oirthear agus i nDeisceart na hAfraice agus san Aigéan Indiach (MASE), an Clár Slándála Calafort agus Sábháilteachta Loingseoireachta, an Clár Réigiúnach um Shlándáil Mhuirí i Limistéar na Mara Rua, agus CRIMARIO.

²⁸ Tionscadal PESCAO ina raibh EFCA rannpháirteach.

²⁹ Na gníomhaíochtaí SWAIMS, PASSMAR agus GoGIN.

I gcomhthéacs dúshlánach geopholaitiúil, ba cheart don Aontas dlús a chur leis an gcomhar le comhpháirtithe ina chomharsanacht agus i limistéir mhuirí eile a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo. Tá sé sin ábhartha go háirithe i bhfianaise an fhogha mhíleata a thug an Rúis faoin Úcráin. Cuirfidh an tAontas dlús lena chomhar seanbhunaithe le ECAT maidir leis an tslándáil mhuirí a threisiónn a chéile agus a rachaidh chun tairbhe don dá thaobh, ag tógáil ar na torthaí a baineadh amach go dtí seo faoi chuimsiú chur chun feidhme na sraithe comhchoitinne tograí a d'fhormhuinigh Comhairlí an Aontais agus ECAT an 6 Nollaig 2016 agus an 5 Nollaig 2017, i gcomhréir leis an tríú Dearbhú Comhpháirteach maidir leis an gcomhar idir an tAontas agus ECAT ó mhí Eanáir 2023 agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na hoscailteachta frithpháirtí agus na trédhearcachta, na cómhálartachta agus na cuimsitheachta chomh maith le neamhspleáchas cinnteoireachta an dá eagraíocht. Ach an tAontas a bheith níos láidre agus níos cumasaí i réimse na slándála agus na cosanta, cuirfear leis an tslándáil dhomhanda agus thrasatlantach, agus comhlánófar ECAT, arb é bunchloch na cosanta comhchoitinne ag a chomhaltaí i gcónaí é. Sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, ba cheart don Aontas méadú a dhéanamh ar an malartú taithí le comhpháirtithe maidir leis an tslándáil mhuirí tríd an tionscadal 'an Comhar Slándála san Áise agus leis an Áise a fheabhsú' agus idirphlé déthaobhach agus trí fhéachaint le stádas breathnóra ('comhpháirtí idirphlé') a fháil i gComhlachas Imeacht an Aigéin Indiaigh. Ba cheart don Aontas a chomhar a dhoimhniú freisin le tíortha agus eagraíochtaí atá ar aon intinn leis, lena n-áirítear fóraim idirnáisiúnta agus réigiúnacha maidir le gnóthaí mhuirí.

Is iad seo a leanas príomhghníomhaíochtaí an Aontais maidir leis an gcomhar idirnáisiúnta sa Straitéis seo:

- síniú agus daingniú ionstraimí idirnáisiúnta a bhaineann leis an tslándáil mhuirí a spreagadh, go háirithe UNCLOS, agus comhlíonadh agus comhroinnt dea-chleachtas le comhpháirtithe a chur chun cinn agus an dlí idirnáisiúnta a bhaineann leis an tslándáil mhuirí á chur chun feidhme, i bhfóraim ábhartha;
- dlús breise a chur leis an gcomhar idir foireann an Aontais agus foireann ECAT maidir leis an tslándáil mhuirí chun gach saincheist leasa fhrithpháirtigh sa réimse sin a chumhdach, ag tógáil ar na trí Dhearbhú Chomhpháirteacha ó 2016, 2018 agus 2023, lena n-áirítear feabhas a chur ar an gcomhar oibríochtúil, d'fhonn comhleanúnachas a áirithiú, ár gcuid oibre comhchoitinne a dhoimhniú maidir leis an tslándáil mhuirí a fheabhsú agus dúbailtí nach bhfuil gá leo a sheachaint;
- an comhar le tríú tíortha maidir le slándáil mhuirí a dhoimhniú, ag tógáil ar na hionstraimí agus na tionscnaimh atá ann cheana, lena n-áirítear comhroinnt faisnéise agus gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta, le stáit chósta sna himchuacha farraige ar fud an Aontais, lena n-áirítear sna Balcáin Thiar, chomh maith le comharsanacht an Oirthir agus an Deiscirt;
- freachnaimh chomhpháirteacha slándála mhuirí a dhéanamh le comhpháirtithe chun an idir-inoibritheacht a threisiú, chomh maith le cuairteanna agus patróil a dhéanamh níos minice ar chalafoirt an Aontais, go háirithe sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, i gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach;

- oifigigh idirchaidrimh de chuid an Aontais a imscaradh chuig lárionaid um chomhleá faisnéise muirí³⁰ i limistéir leasa mhuirí chun malartú faisnéise agus comhar a chur chun cinn, lena n-áirítear faisnéis agus comhar maidir le forfheidhmiú an dlí, ceartas agus gnóthaí baile, idir an tAontas agus a chomhpháirtithe agus, i gcás inarb iomchuí, meastóireacht a dhéanamh ar a indéanta atá sé na lárionaid sin um chomhleá a nascadh go díreach le córais ábhartha an Aontais um fhaireachas muirí;
- stádas comhpháirtí idirphlé a lorg don Aontas i gComhlachas Imeall an Aigéin Indiaigh chun feabhas a chur ar ról an Aontais mar chomhpháirtí sa tslándáil mhuirí sa réigiún;
- an comhar idirnáisiúnta a chur chun cinn maidir le malartú faisnéise agus faireachas ar bhonneagar criticiúil muirí, lena n-áirítear cáblaí agus píblínte faoin bhfarraige³¹, agus maidir le slándáil long agus calafort chomh maith³², go háirithe sna himchuacha farraige ar fud an Aontais.

³⁰ Is eintitis náisiúnta nó réigiúnacha iad lárionaid um chomhleá faisnéise muirí a bhailíonn faisnéis chun feabhas a chur ar fheasacht ar réimsí muirí i limistéar geografach ar leith. In 2022 rinne an tAontas a chéad oifigeach idirchaidrimh a imscaradh chuig an lárionad um chomhleá faisnéise i Singeapór.

³¹ I gcomhréir le Moladh 2023/C 20/01 ón gComhairle maidir le cur chuige comhordaithe uile-Aontais chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú.

³² I gcomhréir leis an gCód Idirnáisiúnta um Shlándáil Long agus Saoráid Chalafoirt; <https://www.imo.org/en/OurWork/Security/Pages/SOLAS-XI-2%20ISPS%20Code.aspx>

3. Feasacht ar réimsí muirí a threorú

Is éard atá i bhfeasacht ar réimsí muirí tuiscint éifeachtach ar ghníomhaíocht a bhaineann leis an réimse muirí a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar shlándáil, sábháilteacht, geilleagar nó comhshaol an Aontais agus a Bhallstát. Ar bhonn riachtanais agus cearta úsáideoirí a shainítear go soiléir, tugann sí cúnamh do na húdaráis atá freagrach as gníomhaíochtaí faireacháin agus faireachais gach cás, imeacht agus gníomh den sórt sin a bhaineann le réimse muirí an Aontais a chosc agus a bhainistiú ar bhealach cuimsitheach.

Tá feasacht fhónta ar réimsí muirí ríthábhachtach chun a áirithiú gur féidir leis na húdaráis inniúla na bagairtí méadaitheacha agus athraitheacha a dhéanann difear don Aontas a bhrath go tapa agus freagairt orthu go héifeachtach. Beidh an tAontas ar thús cadhnaíochta san fheasacht ar réimsí muirí trí fheabhas a chur ar bhailiú agus malartú faisnéise idir earnálacha muirí éagsúla³³, agus trí chomhroinnt faisnéise idir na Ballstáit a éascú. Ar an leibhéal idirnáisiúnta, leanfaidh an tAontas dá chuid oibre chun feabhas a chur ar inniúlachtaí na dtíortha comhpháirtíochta maidir leis an bhfeasacht ar réimsí muirí trí fhaisnéis a chomhroinnt agus trí fhothú acmhainneachta, go háirithe i Murascaill na Guine agus sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach.

Ó bhí 2014 ann tá dul chun cinn mór déanta ag an Aontas agus a Bhallstáit maidir le faisnéis a fháil agus a mhalartú sa réimse muirí trí na córais earnáilsonracha a úsáideann údaráis éagsúla a bhfuil baint acu le faireachas muirí a fhorbairt agus a nascadh³⁴. Go háirithe, d'fhorbair an tAontas Eorpach an Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise (CISE)³⁵. Ar bhonn na rannpháirtíochta deonaí, éascóidh CISE an chomhroinnt faisnéise fíor-ama idir údaráis éagsúla atá freagrach as feidhmeanna garda cósta, lena n-áirítear an t-arm, rud a chruthóidh nasc idir na húdaráis lena mbaineann laistigh de na Ballstáit agus ó Bhallstát go chéile. Ar bhonn thionscadal taighde CISE2020 de chuid an Aontais, i mí Aibreáin 2019 sheol an Coimisiún idirthréimhse CISE, agus chuir sé a chomhordú de chúram ar EMSA, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit³⁶. Agus é ag cur leis an idirthréimhse, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún an chéim oibriúcháin a sheoladh in 2024 le tacaíocht ó EMSA.

³³ Áirítear ar na hearnálacha muirí sábháilteacht agus slándáil an iompair mhuirí, rialú iascaigh, ullmhacht agus freagairt i dtaca le truailliú muirí, cosaint an chomhshaoil mhuirí, custam, rialú teorann, forfheidhmiú ginearálta an dlí agus cosaint.

³⁴ E.g. Eurosur agus SafeSeaNet (córais oibriúcháin ar leibhéal an Aontais).

³⁵ 9946/21

³⁶ 11990/19

Maidir le cosaint, ceapadh an tionscadal faireachais mhuirí (MARSUR) le tacaíocht ón nGníomhaireacht Eorpach um Chosaint (GEC) chun é a chur ar a gcumas d'fhórsaí cabhlaigh na mBallstát rannpháirteach faisnéis oibriúcháin mhuirí agus seirbhísí oibriúcháin muirí a mhalartú. Soláthraíonn MARSUR breisluach oibriúcháin, mar a fhianaítear leis an bhfíric gur roghnaigh Ballstáit an Aontais é a úsáid chun coincheap CMP a chur chun feidhme i Murascaill na Guine agus san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh. Tá GEC agus na Ballstáit rannpháirteacha ag oibriú faoi láthair chun MARSUR a neartú trí chlár tiomnaithe. I gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach, a iarrann ar an Aontas a fheasacht staide fhaisnéisbhunaithe agus a chumas a neartú, ba cheart don Aontas leas iomlán a bhaint as na cumais faireachais mhuirí úrscothacha ar fad (e.g. ladrainn, aerárthaí patróil agus teicneolaíocht spásbhunaithe). Tá Oibríocht ATALANTA, tríd an Lárionad Slándála Muirí do Chorn na hAfraice (MSC-HoA), rannpháirteach i bhfeasacht ar réimsí muirí i ndlúthchomhar le hearnáil na loingseoireachta. Is féidir le Clár Spáis an Aontais, trí bhíthin a chomhpháirteanna, mar shampla, Copernicus, Galileo agus IRIS³⁷, rannchuidiú go díreach le cur leis an bhfeasacht ar réimsí muirí. Tá Lárionad Satailítí an Aontais rannpháirteach freisin san fheasacht ar réimsí muirí trína chuid oibre le hAcmhainneacht Aonair Anailíse Faisnéise an Aontais, agus leis an gCoimisiún maidir le Galileo/Copernicus trína rannpháirtíocht in CISE agus MARSUR. I ndáil leis sin, tá athléimneacht agus slándáil na sócmhainní spáis ábhartha rithábhachtach chun leanúnachas seirbhísí a áirithiú.

Sa bhreis ar obair ábhartha EFCA, EMSA agus Frontex faoi chuimsiú TWA, féadfaidh Fóram Feidhmeanna an Gharda Cósta Eorpaigh agus Fóram Feidhmeanna Gharda Cósta na Meánmhara rannchuidiú le feasacht ar réimsí muirí agus comhar oibríochtúil a mhéadú trí dhea-chleachtais a mhalartú.

³⁷ https://defence-industry-space.ec.europa.eu/welcome-iris2-infrastructure-resilience-interconnectivity-and-security-satellite-2022-11-17_en

I gcás tubaistí nó timpistí agus nuair a théitear thar chumas inniúlachtaí náisiúnta, is féidir le Ballstáit an Aontais agus tríú tíortha an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta a ghníomhachtú³⁸. Tríd an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha³⁹, is féidir leo cúnamh, saineolas nó anailís ar an gcás a lorg.

Rannchuidíonn an tAontas freisin le feabhas a chur ar an bhfeasacht ar réimsí muirí ar an leibhéal idirnáisiúnta trí thionscnaimh thiomnaithe a réachtáil maidir le fothú acmhainneachta don chomhar um fhorbairt. Leis an tionscadal ‘Bealaí Muirí Criticiúla sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach’ (CRIMARIO)⁴⁰ forbraíodh uirlisí sonracha⁴¹ chun feabhas a chur ar an bhfeasacht ar réimsí muirí agus chun an comhar le comhpháirtithe réigiúnacha agus idir comhpháirtithe réigiúnacha a neartú. Tá sé sin comhleanúnach le rannpháirtíocht níos leithne slándála agus cosanta an Aontais sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach. Ar an gcaoi chéanna, leis an tionscadal ‘Líonra Idir-Réigiúnach Mhurascaill na Guine’ (GoGIN)⁴² forbraíodh ardán YARIS, uirlis comhroinnte faisnéise chun tacú le ‘Ollstruchtúr Yaoundé’.

Is iad seo a leanas príomhghníomhaíochtaí an Aontais maidir leis an bhfeasacht ar réimsí muirí sa Straitéis seo:

- a áirithiú go mbeidh an Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise i bhfeidhm faoi lár 2024, rud a fhágfaidh go mbeifear in ann faisnéis rúnaicmithe agus neamh-rúnaicmithe a mhalartú ar bhealach slán struchtúrtha i measc údaráis ó earnálacha éagsúla faireachais mhuirí (idir shibhialtach agus mhíleata);

³⁸ [an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta \(europa.eu\)](https://europe.europa.eu/en/sasra-aontais-um-chosaint-shibhialta)

³⁹ [an Lárionad Comhordúcháin Práinnfhreagartha \(ERCC\) \(europa.eu\)](https://europe.europa.eu/en/larionad-comhorduchain-prainnfhreagartha-ercc)

⁴⁰ Tá CRIMARIO á chistiú ag an gCoimisiún Eorpach le EUR 23 mhilliún idir 2015-2025.

⁴¹ Ardán IORIS agus SHARE.IT.

⁴² Tá GoGIN á chistiú ag an gCoimisiún Eorpach le EUR 11,5 milliún (2016-2023), agus tá GoGIN II á chistiú aige le EUR 5 mhilliún (2023-2025).

- an líonra um malartú faisnéise maidir le faireachas muirí cosanta (MARSUR) a neartú trí chlár tiomnaithe a sheoladh trí GEC, agus trí fheabhas a chur ar na naisc idir MARSUR agus CISE;
- leas a bhaint as an infheistíocht a dhéantar tríd an mBeartas Eorpach Spáis agus na hinniúlachtaí atá ar fáil trí Copernicus maidir leis an bhfaireachas muirí, leis an bhfaireachán ar an muirthimpeallacht agus leis an athrú aeráide a shaothrú a thuilleadh;
- comhtháthú a dhéanamh ar theicneolaíochtaí spásbhunaithe, ar chórais aerárthaí cianrialaithe agus ar stáisiúin radair, ar aerárthaí patróil muirí, agus ar mhodhanna muiriompair le foireann agus gan foireann trí bhíthin uirlisí nuálacha cibear-athléimneacha chun an fheasacht ar réimsí muirí a threisiú;
- dlús a chur le faireachas ar shoithí patróil cósta agus amach ón gcósta agus é a chomhlánú le hardáin chabhlaigh ardleibhéil atá líonraithe go digiteach, lena n-áirítear ardáin chabhlaigh gan foireann chun feabhas a chur ar chumais choisc agus freagartha;
- cumarsáid agus comhordú a neartú i measc lárionaid oibríochtaí muirí náisiúnta AE trí úsáid a bhaint as CISE agus MARSUR, ar bhonn réigiúnach de réir mar is iomchuí, chun faireachas muirí comhtháite a shaothrú agus a fheabhsú sna himchuacha farraige ar fud an Aontais;
- cumais feasachta na dtíortha comhpháirtíochta ar réimsí muirí a neartú trí thionscadail GoGIN agus CRIMARIO, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí uirlisí um fheasacht ar réimsí muirí (YARIS, IORIS agus SHARE.IT) a oibríochtú a thuilleadh i gcomhar le seirbhísí satailíte Copernicus.

4. Rioscaí agus bagairtí a bhainistiú

I gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach, cuirfidh an tAontas agus a Bhallstáit feabhas ar a gcumas comhchoiteann a slándáil a chosaint agus cur lena n-athléimneacht agus a n-ullmhacht i leith dúshláin slándála muirí, lena n-áirítear bagairtí hibrídeacha agus cibearbhagairtí. Ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit a bheith in ann freagairt go tapa, le cumais chomhordaithe shibhialtacha agus mhíleata.

Tá coireanna muirí, lena n-áirítear píoráideacht, smuigleáil imirceach agus robáil armtha ar muir fós ina ndúshláin ríthábhachtacha in iliomad réigiún agus is bagairt mhór iad ar an tslándáil mhuirí, rud a dhéanann difear do shaoirse na loingseoireachta agus a chuireann mórbhealaí trádála i mbaol. Agus é ina sholáthraí slándála muirí domhanda, tá an tAontas tiomanta i gcónaí aghaidh a thabhairt ar na príomhdhúshláin slándála muirí sin, lena n-áirítear trí bhearta coisctheacha.

Tá comhrac an athraithe aeráide agus an díghrádaithe comhshaoil ar cheann de phríomhthosaíochtaí polaitiúla an Aontais a léirítear ina ghníomhaíocht sheachtrach trí go leor straitéisí téamacha nó geografacha, mar shampla, Global Gateway nó an Straitéis maidir le Comhar sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, agus chomh maith leis sin trí fhor-rochtain taidhleoireachta an Aontais agus trí Thaidhleoireacht Aeráide an Aontais.

Tá céimeanna suntasacha glactha ag an Aontas cheana féin chun an aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050, agus déanfaidh sé tuilleadh gníomhaíochta maidir le fadhbanna a bhfuil nasc acu leis an athrú aeráide, le díghrádú an chomhshaoil agus leis an tslándáil. Thíolaic an tArdionadaí agus an Coimisiún Teachtaireacht Chomhphárteach maidir leis an nasc idir an t-athrú aeráide, díghrádú an chomhshaoil agus an tslándáil agus an chosaint i mí an Mheithimh 2023⁴³. Áirítear inti, *inter alia*, tograí le haghaidh uirlisí lena ndéantar measúnú ar chúiseanna agus iarmhairtí an athraithe aeráide agus dhíghrádú an chomhshaoil ar an earnáil mhuirí, ar an mbonneagar muirí, agus ar ghnéithe nádúrtha agus gnéithe de dhéantús an duine i limistéir chósta chomh maith, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le luathrabhadh, taighde fianaisebhunaithe agus íomhánna satailíte (e.g. trí chlár Copernicus). San Artach, tá na hoighearchaidhpeanna ag leá, tá an muiroighear ag cúlú, tá bealaí nua loingseoireachta á n-oscailt de réir a chéile, agus tá coinne leis go gcruthóidh an méadú ar ghníomhaíochtaí an duine bagairtí ar an gcomhshaol agus ar phobail áitiúla nó go gcuirfidh sé leo. I ndáil leis an méid sin, ba cheart an Teachtaireacht Chomhphárteach maidir le ‘Rannpháirtíocht níos láidre ón Aontas le haghaidh Artach níos caomhnaithe, níos síochánta agus níos rathúla’⁴⁴ a oibríochtú a thuilleadh a luaithis is féidir, go háirithe maidir le loingseoireacht astaíochtaí nialasacha san Aigéan Artach, mianadóireacht inbhuanaithe amhábhhar criticiúil, agus forbairt inbhuanaithe na réigiún Artach. Ba cheart inniúlachtaí leordhóthanacha a bheith ag sócmhainní atá ag feidhmiú sa limistéar Artach chun oighear a bhriseadh, cuardach agus tarrtháil a dhéanamh, cumhdach satailíte a chur ar fáil agus bonneagar criticiúil amach ón gcósta a chosaint in adhaimsir gheimhridh.

⁴³ 11283/23

⁴⁴ 12870/21

Is príomhthosaíocht é bonneagar criticiúil a chosaint sa réimse muirí. Ba cheart don Aontas ról na mBallstát a chomhlánú maidir le hathléimneacht an bhonneagair mhuirí chriticiúil a fhorbairt, mar shampla, píblínte nó cáblaí faoin bhfarraige a ghabhann thar limistéir náisiúnta mhuirí. Ba cheart go bhfeabhsódh sé measúnuithe riosca agus bagartha atá ann faoi láthair ar an mbonneagar sin chun fanacht cothrom le dáta agus iad a chomhlánú le roghanna freagartha agus le bearta maolaitheacha a chuireann le saineolas trasearnálach agus inniúlachtaí trasearnála chomh maith le hionstraimí chun tacú le cumais na mBallstát faoi seach a fhorbairt. Tá sé ríthábhachtach tacaíocht leanúnach a sholáthar do na Ballstáit chun sócmhainní cosanta faoi uisce, réitigh frithladrann agus cumais deisiúcháin a fhorbairt. Ina theannta sin, ba cheart don Aontas leanúint d'fhéidearthachtaí a fhiosrú maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta a bheith ann an tráth céanna le gníomhaíochtaí cosanta⁴⁵, mar a mholtar sa straitéis maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta⁴⁶

Tá ról lárnach ag údaráis garda cósta maidir le foráil a dhéanamh d'fhaireachas, faireachán, cosc na coireachta agus cumais bainistithe tráchta soithí i réimse muirí an Aontais. In éineacht le sócmhainní cabhlaigh, tá an ról atá acu mar sholáthraí slándála agus sábháilteachta muirí ríthábhachtach, ós rud é gur minic a bhíonn údaráis an gharda cósta in ann gníomhú i gcúinsí nach móide go gceadaíonn siad idirghabháil na n-údarás míleata.

Leis an Treoir maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil⁴⁷ agus leis an Treoir athbhreithnithe maidir le slándáil gréasán agus córas faisnéise (Treoir NIS 2)⁴⁸, tá an tAontas ar thús cadhnaíochta i bhforbairtí ábhartha, agus creat dlíthiúil cuimsitheach aige lenar féidir leis uasghrádú a dhéanamh ar athléimneacht fhisiceach agus cibear-athléimneacht eintiteas criticiúil agus bonneagair chriticiúil. Ba cheart don Aontas dlús a chur leis an gcomhar sa réimse sin le tríú tíortha atá ar aon intinn leo agus le comhpháirtithe tábhachtacha, leithéidí ECAT, mar shampla, tríd an Idirphlé Struchtúrtha maidir le hAthléimneacht idir an tAontas agus ECAT.

⁴⁵ I gcomhréir leis an Treoir maidir leis an bPleanáil Spásúil Mhuirí, 2014/89/AE

⁴⁶ 12950/20

⁴⁷ Treoir (AE) 2022/2557

⁴⁸ Treoir (AE) 2022/2555

Tá dúshlán breise roimh an Aontas mar gheall ar líon mór ordanáis neamhphléasctha agus arm ceimiceach a eascraíonn ón gCéad Chogadh Domhanda agus ón Dara Cogadh Domhanda atá suite in imchuacha farraige ar fud an Aontais. Tá an dúshlán sin níos measa fós mar gheall ar an bhfogha míleata a thug an Rúis faoin Úcráin, rud a fhágann go bhfuil líon mór mianach sa Mhuir Dhubh. Ní dhéantar doiciméadú ceart ar chineál, suíomh ná cainníocht an ordanáis sin i roinnt imchuacha farraige, rud a chruthaíonn rioscaí do chosaint an duine aonair, don tsábháilteacht agus don tslándáil mhuirí, don bhonneagar criticiúil náisiúnta, don chomhshaol (mar gheall ar scaoileadh féideartha ceimiceán) agus do ghníomhaíochtaí an gheilleagair ghoirm (e.g. láithreáin fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta a thógáil nó gníomhaíochtaí iascaireachta). Ag cur leis na ceachtanna a foghlaimíodh ó thionscadail rathúla⁴⁹ atá ann cheana, ba cheart don Aontas dlús breise a chur leis na hiarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an tsaincheist sin ar bhealach cuimsitheach, trí fheasacht staide, uirlisí agus ionstraimí a mhéadú a chuideodh leis na rioscaí a bhaineann le hordanás neamhphléasctha agus lena ndiúscairt a mhaolú. Beidh sé an-tábhachtach freisin ordanás neamhphléasctha agus mianaigh a fágadh sa Mhuir Dhubh a dhiúscairt go sábháilte, chomh luath agus a cheadaíonn coinníollacha slándála agus polaitiúla é.

Is féidir le gníomhaithe eachtracha an bonn a bhaint den tslándáil mhuirí freisin, mar gheall ar rioscaí a bhaineann le hinfheistíocht dhíreach choigríche i mbonneagar criticiúil, agus mar gheall ar ionramháil ar fhaisnéis agus trasnaíocht ó ghníomhaithe den sórt sin. Tabharfar aghaidh ar na saincheistanna sin trí na hionstraimí agus na creataí ábhartha; e.g. déanfar infheistíocht dhíreach choigríche a scagadh i gcomhréir leis an Rialachán ábhartha⁵⁰.

Is gné lárnach den chomhar é sonraí agus faisnéis mhuirí a chomhroinnt le tríú tíortha. Ba cheart go mbeadh sé ag brath, áfach, ar mheasúnuithe riosca slándála.

⁴⁹ Tionscadail chun éifeachtaí na cogaíochta ceimicí agus gnáthmhuinisin a ghlanadh ó Mhuir Bhailt a fhaigheann tacaíocht ó chlár Interreg arna mhaoiniú ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) – [10 mbliana de chomhar Interreg chun muinisin dhumpáilte a ghlanadh ó Mhuir Bhailt – Clár Interreg do Réigiún Mhuir Bhailt \(\[interreg-baltic.eu\]\(http://interreg-baltic.eu\)\)](#)

⁵⁰ Rialachán (AE) 2019/452

Tá measúnú riosca á dhéanamh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit d'fhonn treoir a chur ar fáil chun feabhas a chur ar shlándáil long paisinéirí san Aontas.

Is iad seo a leanas príomhghníomhaíochtaí an Aontais maidir le bainistíocht riosca agus bagairtí sa Straitéis seo:

- an acmhainneacht rannchuidiú le comhrac na coireachta eagraithe agus na mbagairtí idirnáisiúnta tromchúiseacha agus gníomhaíochtaí aindleathacha a neartú, lena n-áirítear sna limistéir leasa mhuirí;
- freachnaimh bheo rialta slándála muirí a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, lena ndíreofar, *inter alia*, ar chosaint calafort agus ar bhagairtí, mar shampla, cibearbhagairtí agus bagairtí hibrideacha a chomhrac, sa bhreis ar fhreachnaimh bhliantúla chabhlaigh agus gharda cósta na mBallstát a luaitear thuas;
- acmhainní agus uirlisí faireachais (e.g. RPAS) a imscaradh agus a áirithiú go mbainfear an úsáid is fearr is féidir as na seirbhísí spáis atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo (faire na cruinne, mar shampla) chun patróil a dhéanamh ar bhonneagar criticiúil muirí agus chun é a chosaint;
- pleananna an Aontais um chomhar réigiúnach a fhorbairt chun faireachas ar bhonneagar faoi uisce agus amach ón gcósta a áirithiú;
- creat comhleanúnach a fhorbairt le heagraíochtaí réigiúnacha, lena n-áirítear gníomhaíochtaí nithiúla agus cistiú, chun aghaidh a thabhairt ar na bagairtí a bhaineann le hordanás neamhphléasctha, airm ghníomhacha agus airm cheimiceacha ar muir, faireachán a dhéanamh orthu agus iad a bhaint trí theicneolaíochtaí nuálacha a úsáid agus leis an tionchar is lú is féidir ar an gcomhshaol;

- feabhas a chur ar luathrabhadh agus fadbhreathnaitheacht straitéiseach trí, *inter alia*, úsáid a bhaint as seirbhísí spáis a mhéid a bhaineann le héifeachtaí an athraithe aeráide, go háirithe ardú ar leibhéal na farraige, borradh stoirme, agus díghrádú an chomhshaoil;
- measúnuithe riosca, pleananna teagmhais agus pleananna athshlánaithe ó thubaiste (ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta) a tharraingt suas as an nua nó na cinn atá ann cheana a threisiú do chalafoirt agus don bhonneagar cósta, agus do shlándáil long paisinéirí agus slabhraí iompair/soláthair chomh maith;
- malartú dea-chleachtas a spreagadh idir gníomhaithe muirí maidir le cibearbhagairtí, agus aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar chibearshlándáil long ar leibhéal na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta;
- feasacht ar an réimse muirí a fheabhsú san Artach, lena n-áirítear breathnóireacht ó spás; rannpháirtíocht leanúnach le stáit chósta Artacha, go déthaobhach agus i bhfóraim iltaobhacha ábhartha, de réir mar is iomchuí, chun tacú le cur chun feidhme an Bheartais maidir leis an Artach⁵¹;
- measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht na limistéar muirí a fhorchoimeádtar nó a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí míleata chun tionscadail in-athnuaite amach ón gcósta a imscaradh;
- measúnú a dhéanamh ar infheistíocht sa bhonneagar muirí ag tíortha agus eintitis nach bhfuil san Aontas i gcomhthéacs an tsásra comhair a bunaíodh leis an Rialachán maidir le hinfheistíochtaí díreacha coigríche a scagadh.

⁵¹ 12870/21

5. Feabhas a chur ar chumais

Chun a leasanna slándála muirí a chur chun cinn, ba cheart don Aontas dlús a chur le forbairt cumas sibhialtach agus míleata araon, agus ról a thabhairt don tionscal de réir mar is iomchuí. Cuimsítear Taighde agus Forbairt (T&F) maidir le gnéithe sibhialtacha de shlándáil mhuirí na hEorpa sa bhraisle de chlár Fís Eorpach an Aontais maidir leis an tSlándáil Shibhialta don tSochaí. T&F atá ann faoi láthair agus atá le teacht, tacóidh sé le forbairt cumais ar leibhéal an Aontais, lena n-áirítear bonneagar criticiúil muirí a chosaint, bagairtí faoi uisce a bhainistiú, ullmhacht agus freagairt do thubaistí antrapaigineacha agus nádúrtha, slándáil an iompair mhuirí paisinéirí, agus bainistiú ordanáis neamhphléasctha, lena mbeidh baint ag an tionscal i gcás inarb iomchuí.

I réimse na slándála agus na cosanta, chun láithreach níos teanntásaí an Aontais ar muir a áirithiú chomh maith leis an gcumas cumhacht a chur ar fáil, ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit réimse iomlán cumas muirí a fhorbairt, agus leas iomlán á bhaint as an raon feidhme don chomhar faoi thionscnaimh agus ionstraimí gaolmhara de chuid an Aontais⁵². Go háirithe, ba cheart cumais fheabhsaithe mhuirí a dhíriú ar athléimneacht, iomaíochas agus rialú an Aontais a áirithiú i ngach réimse den réimse muirí, i gcomhchuibheas le ECAT, agus i gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach. San athbhreithniú ar an bPlean Forbraíochta um Chumas⁵³ atá beartaithe, bainfear leas freisin as na ceachtanna a foghlaimíodh ón bhfogha míleata a thug an Rúis faoin Úcráin. Mar shampla, fiosróidh GEC na príomhtheicneolaíochtaí is gá chun saithí ladrann muirí gan foireann a bhainistiú agus chun bonneagar criticiúil ar ghrinneall na farraige a chosaint.

⁵² An Plean Forbraíochta um Chumas, na deiseanna comhoibríocha a sainithníodh faoin Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint, an Buanchomhar Struchtúrtha agus an Ciste Eorpach Cosanta.

⁵³ I mí an Mheithimh 2022 sheol Bord Stiúrtha GEC an t-athbhreithniú ar an bPlean Forbraíochta um Chumas go foirmiúil.

Mar a iarradh sa Chompás Straitéiseach agus i gcomhréir leis an Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint (CARD)⁵⁴, ba cheart é a bheith d'aidhm ag tionscadail náisiúnta agus ilnáisiúnta ilroinnt sócmhainní criticiúla, mar shampla, soithí ar mhéid coirbhéid agus córais ar bord a shárú, agus feabhas a chur ar éifeachtacht oibríochtúil na n-ardán aonair. https://civil-protection-humanitarian-aid.ec.europa.eu/what/civil-protection/eu-civil-protection-mechanism_ga Mar thoradh ar roinnt deiseanna comhair a sainithníodh i dtimthriall CARD 2019-2022, cuireadh tionscadail Buanchomhair Struchtúrtha (PESCO) ar bun maidir le córais mhuirí gan foireann. Tacóidh an Ciste Eorpach Cosanta⁵⁵ le tionscadail taighde agus forbartha, mar shampla, iad sin a bhaineann le feachtas ar réimsí muirí, cumais faireachais mhuirí, cosaint bonneagair mhuirí chriticiúil agus cumais faoi uisce.

Ba cheart don Aontas agus do na Ballstáit féachaint le cumais a neartú a chuirfidh ar a gcumas gníomhaíochtaí amhrasacha a bhrath ar bhealach níos fearr chun an bonneagar rithábachtach faoi uisce a chosaint. Ba cheart don Aontas agus do ECAT iarrachtaí sa réimse sin a chomhordú de réir mar is iomchuí chun comhleanúnachas aschuir a áirithiú i gcás ina mbeidh forluí idir na ceanglais.

Is iad seo a leanas príomhghníomhaíochtaí an Aontais maidir le feabhas a chur ar chumais sa Straitéis seo:

- ceanglais choiteanna agus coincheapa coiteanna a fhorbairt le haghaidh na teicneolaíochta i réimse na cosanta, lena n-áirítear é sin a dhéanamh le haghaidh feachtas ar an réimse muirí, ar an dromchla agus faoin uisce araon;
- córais idir-inoibritheacha gan foireann a thógáil chun faireachán a dhéanamh ar an mbonneagar criticiúil muirí, chun cur i gcoinne saithí ladrann naimhdeach etc.;

⁵⁴ An réimse fócais ‘Longa Dromchla Eorpacha den Aicme Phatróil’

⁵⁵ Is é is aidhm don Chiste Eorpach Cosanta iomaíochas agus acmhainneacht nuálaíochta an tionscail cosanta san Aontas a neartú. Dá bhrí sin, rannchuidíonn sé le cumais mhíleata na mBallstát a fhorbairt.

- cur le cumais nua-aimseartha frithbheart mianach, e.g. trí choincheap oibríochtaí de chuid an Aontais a fhorbairt;
- tacú le cumais aerárthaí patróil muirí comhpháirteacha feabhsaithe a fhorbairt;
- freachnaimh chomhpháirteacha thástála agus thurgnaimh a fhorbairt chun cumais mhuirí úrscothacha a fhorbairt amach anseo.

6. Oideachas agus oiliúint a chur ar fáil

Tá ardleibhéal oideachais, scileanna agus oiliúna speisialaithe fíor-riachtanach chun go mbeidh an tAontas in ann dul i ngleic leis na dúshláin slándála muirí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Chun dul i ngleic le bagairtí hibrídeacha agus cibearbhagairtí nua, teastaíonn oibreoirí a bhfuil tacair scileanna digiteacha láidre acu agus cláir shonracha athscilithe agus uas-scilithe. Cuirfidh réitigh i bhfoirm malartuithe idir cláir oiliúna míleata, cláir chomhpháirteacha oiliúna idir cabhlaigh Bhallstáit an Aontais agus institiúidí éagsúla borradh faoin idir-inoibritheacht agus cuideoidh siad leis an Aontas freagairt ar bhagairtí nua ar bhealach níos éifeachtaí, níos comhordaithe agus níos cuimsithí.

Mar chuid den lámhleabhar praiticiúil maidir le comhar Eorpach maidir le feidhmeanna garda cósta, cruthaíodh catalóg oiliúna, ina gcumhdaítear na cúrsaí go léir atá á reáchtáil ag gníomhaireachtaí an Aontais i ngach réimse muirí. Tabharfar an lámhleabhar cothrom le dáta ar bhonn rollach i gcomhréir le riachtanais agus forbairtí. Ba cheart leanúint de thionscadal rathúil Líonra an Acadaimh Oiliúna um Fheidhmeanna an Gharda Cósta Eorpaigh agus den chúrsa oiliúna comhchuibhithe maidir le feidhm an gharda cósta, go háirithe an clár malartaithe, lena bhfuil baint ag tíortha comharsanachta agus ag an gcomhar réigiúnach trí thionscadal tiomnaithe a chuireann EFCA chun feidhme i ndlúthchomhar le EMSA agus Frontex. Tá cúrsa ar an gcibearshlándáil mhuirí á fhorbairt ag EMSA freisin. Eagraíonn an Lárionad Eorpach um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha cúrsaí agus comhdhálacha maidir le bagairtí hibrideacha a dhéanann difear don réimse muirí. Ba cheart tacú leis an gcomhionannas inscne agus le cumhachtú na mban in earnáil slándála muirí an Aontais, agus rochtain ar oideachas agus oiliúint theicniúil ardleibhéil do mhná á cur chun cinn.

Cuireann an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint⁵⁶ oiliúint agus oideachas ar leibhéal an Aontais ar fáil do phearsanra sibhialtach agus míleata araon chun comhthuiscint ar dhúshlán slándála muirí a chur chun cinn agus chun feasacht a mhúscailt maidir le ról méadaitheach an Aontais sa réimse sin. Le tacaíocht ón gColáiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint, tá sé cinn d'acadaimh chabhlaigh Eorpacha ag oibriú faoi láthair ar ábhar seimeastair cabhlaigh choitinn idirnáisiúnta.

⁵⁶ Soláthraíonn an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint, i gcomhthéacs an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála (CBES), oiliúint agus oideachas ar leibhéal an Aontais, i réimse Chomhbheartas Slándála agus Cosanta (CBSC) an Aontais. Is é is aidhm dó comhthuiscint ar CBSC a fhorbairt agus a chur chun cinn i measc pearsanra sibhialtach agus míleata, agus dea-chleachtais i ndáil le saincheisteanna éagsúla CBSC a shainaithint agus a scaipeadh, trína ghníomhaíochtaí oiliúna. Ar an gcaoi sin, comhlánaíonn an Coláiste Eorpach um Shlándáil agus um Chosaint na hiarrachtaí náisiúnta i réimse na hoiliúna agus an oideachais.

Is iad seo a leanas príomhghníomhaíochtaí an Aontais maidir le hoideachas agus oiliúint sa Straitéis seo⁵⁷:

- borradh a chur faoi chibirsceanna slándála, scileanna hibrídeacha slándála agus scileanna slándála a bhaineann leis an spás trí thacú le cúrsaí oiliúna nua agus reatha a chuireann institiúidí acadúla éagsúla agus comhlachtaí inniúla náisiúnta nó de chuid an Aontais ar fáil, sna réimsí sibhialtacha agus míleata araon;
- cláir oiliúna thiomnaithe a chur ar fáil atá oscailte do chomhpháirtithe neamh-AE chun dul i ngleic leis na bagairtí ar an tslándáil mhuirí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn;
- ‘seimeastar cabhlaigh idirnáisiúnta’ a fhorbairt faoin Tionscadal Eorpach um Malartú Oifigeach Óg Airm⁵⁸;
- freachnaimh shibhialtacha-mhíleata a sheoladh bunaithe ar chásanna a bhaineann le dlínse chomhroinnte nó úsáid chomhroinnte cumas.

⁵⁷ lena n-áirítear gníomhaíochtaí ar cuid de Bhliain na Scileanna iad.

⁵⁸ <http://www.emilyo.eu/>; níl baint ag an Tionscadal Eorpach um Malartú Oifigeach Óg Airm le Clár Erasmus+.

V. UIRLISÍ AGUS IONSTRAIMÍ CHUN TACÚ LE GNÍOMHAÍOCHT AE MAIDIR LEIS AN TSLÁNDÁIL MUIRÍ

Ba cheart an straitéis athbhreithnithe a chur chun feidhme le díograis don chur chuige comhtháite chun sineirgí a uasmhéadú agus chun uirlisí agus ionstraimí comhlántacha AE a thabhairt isteach. Ba cheart na nithe seo a leanas a áirithiú leis sin:

- tionscadail cosanta T&F an Chiste Eorpaigh Cosanta chun borradh a chur faoi chumais fhórsaí armtha Bhallstáit an Aontais;
- an tSaoráid Eorpach Síochána mar shásra cistiúcháin seachbhuiséid do ghníomhaíocht AE faoin gComhbheartas Eachtrach agus Slándála a bhfuil impleachtaí míleata agus cosanta aige;
- taighde agus nuálaíocht an Aontais maidir le cumais shibhialtacha slándála muirí, go háirithe faoi Bhraisle 3 ‘An tSlándáil Shibhialta don tSochaí’ de chlár Fís Eorpach an Aontais.
- na deiseanna a chuirtear ar fáil leis an gCiste Slándála Inmheánaí agus leis an Ionstraim um Bainistiú Teorainneacha agus um Víosáí chun borradh a chur faoi chumais údaráis garda cósta na mBallstát a dhéanann cúraimí forfheidhmithe dlí agus rialaithe ar muir;

- oibríochtaí cabhlaigh an Aontais (Oibríochtaí ATALANTA agus IRINI) agus creat na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe atá ann cheana;
- an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, go háirithe trí thairbhe a bhaint as inniúlachtaí anailíseacha agus freagartha chomh maith leis an moladh ón gCoimisiún a chur chun feidhme maidir le spriocanna athléimneachta de dheasca tubaiste;
- clár na hIonstraime um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta lena dtacaítear le comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta chun feabhas a chur ar an tslándáil mhuirí, go háirithe an fheasacht ar réimsí muirí;
- an Ionstraim um Chúnamh Réamhaontachais (2021-2027), IPA III, mar gheall ar a raon feidhme agus a fócas ar thíortha is iarrthóirí;
- buiséad an Chomhbheartais Eachtraigh agus Slándála chun misin shibhialtacha CBSC a chistiú;
- an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe chun faireachas muirí agus comhar maidir le feidhm an gharda cósta a chistiú;
- Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus cláir Interreg lena dtacaítear le hinfheistíochtaí i réigiúin agus críocha cósta agus sna réigiúin agus sna críocha is forimeallaí agus i dtíortha a bhfuil teorainneacha muirí acu leis an Aontas.

VI. AN BEALACH CHUN CINN

Oibreoidh an Coimisiún agus an tArdionadaí i gcomhar leis an gComhairle chun an straitéis athbheithnithe sin a chur chun feidhme sna réimsí gníomhaíochta a shainaithnítear thuas agus a shonraítear sa phlean gníomhaíochta, rud a chuirfidh leis an méid a bhain SSMAE amach ó bhí 2014 ann, agus úsáid á baint as ionstraimí agus beartais atá ann cheana, agus treoracha foriomlána an Chompáis Straitéisigh á leanúint.

3 bliana tar éis don Chomhairle an straitéis a fhormhuiniú, cuirfidh an Coimisiún agus an tArdionadaí faoi bhráid na Comhairle tuarascáil chomhpháirteach ar dhul chun cinn ina mbeidh ionchur ó na Ballstáit.

IARSCRÍBHINN II A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

Plean Gníomhaíochta athbhreithnithe SSMAE¹

Cuspóir Straitéiseach 1. Dlús a chur le gníomhaíochtaí ar muir

Cuspóirí	Gníomhaíochtaí	Amlíne <i>I gcás inarb infheidhme</i>	Gníomhaithe lena mbaineann ²
1.1. Ról agus gníomhaíochtaí an Aontais a leathnú sna himchuacha farraige ar fud an Aontais agus thar lear.	Oibríochtaí cabhlaigh CBSC an Aontais a neartú agus cur chun feidhme choincheap na Láithreachtaí Muirí Comhordaithe (CMP) a chomhdhlúthú		
	1.1.1	Na sócmhainní cabhlaigh agus aeir a liostaítear ina gcomhráitis riachtanas chomhcheangailte shonracha a sholáthar d'oibríochtaí cabhlaigh CBSC an Aontais (lena n-áirítear Atalanta agus Irini).	2025 BS, SEGS
	1.1.2	Machnamh a dhéanamh ar limistéir nua leasa mhuirí ina gcuirfear CMP chun feidhme, bunaithe ar thograí ó SEGS.	Ó 2023 BS, SEGS

¹ Cuirfear SSMAE chun feidhme tríd an bPlean Gníomhaíochta seo agus faoi chuimsiú an Chur Chuige Chomhtháite. Leis sin, bainfear leas as beartais, uirlisí agus ionstraimí sibhialtacha agus míleata ábhartha uile an Aontais, agus comhordófar beartais agus gníomhaíochtaí na ngníomhaithe ábhartha uile ar an leibhéal Eorpach, réigiúnach agus náisiúnta, rud a neartóidh a sineirgí agus a gcomhlántachtaí. Ina theannta sin, cuirfear rannpháirtíocht de chuid an Aontais chun cinn a bheidh níos comhleánúnaí i gcoinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha, chun slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a fheabhsú.

² Rannchuideoidh na Gníomhaithe lena mbaineann a liostaítear sa phlean gníomhaíochta i gcomhréir lena n-inniúlachtaí, lena bhfreagrachtaí agus lena sainorduithe sonracha. Is iad gníomhaireachtaí an Aontais sa phlean gníomhaíochta seo na gníomhaireachtaí sin a shainaithnítear mar ghníomhaithe faoi ghníomhaíochtaí éagsúla an phlean gníomhaíochta, agus tá aon ról a shanntar dóibh gan dochar do nósanna imeachta ná do chinntí a mboird riaracháin ar leith maidir le rannchuidiú na ngníomhaireachtaí leis na gníomhaíochtaí sin. Féadfaidh an Coimisiún nó na Ballstáit a iarraidh ar ghníomhaireachtaí ábhartha eile de chuid an Aontais comhoibriú i gcur chun feidhme an phlean gníomhaíochta. Glacfaidh gníomhaireachtaí páirt in obair idirnáisiúnta trí sheirbhísí sonracha an Aontais ('na máthair-Ard-Stiúrthóireachtaí').

	Comhar agus sineirgí a fhorbairt idir tionscnaimh faoi stiúir na mBallstát agus tionscnaimh de chuid an Aontais maidir leis an tslándáil mhuirí			
	1.1.3	Tuilleadh sineirgí a chur chun cinn idir Oibríocht Atalanta EUNAVFOR agus an Misean Eorpach um Fheasacht Mhuirí i gCaolas Hormuz (EMASOH).	Ó 2023	BS, SEGS
	1.1.4	Comhleanúnachas agus comhordú a threisiú idir gníomhaíochtaí institiúidí an Aontais agus gníomhaíochtaí na mBallstát, lena n-áirítear trí CMP.	Ar bhonn rollach	BS, COM, SEGS
	1.1.5	Tacú le gníomhaíocht le Seirbhísí Cumaisc EUROSUR agus tacú le cumais malartaithe faisnéise, mar shampla na cumais sin atá ar fáil trí CISE agus Seirbhísí Muirí Comhtháite (IMS), agus gníomhaíochtaí faireacháin a chomhordú i limistéir réamhtheorann.	Ar bhonn rollach	Frontex, EMSA
	1.1.6	Tacú le cúrsaí oibreoirí foirne muirí a chruthú sna Ballstáit trí oiliúint agus rochtain ar chumais agus ar sheirbhísí EUROSUR a sholáthar.		
	1.1.7	A áirithiú go mbeidh gníomhaíocht an Aontais ar muir agus ar talamh comhlántach le Cur Chuige Comhtháite an Aontais trí naisc a chur chun cinn le comhar idirghníomhaireachta maidir le feidhmeanna garda cósta (Socrú Oibre Trípháirteach) agus le coincheap Oibríochta Muirí Ilchuspóirí arna fhorbairt faoi chomhar an Aontais maidir le feidhmeanna garda cósta agus arna chur chun feidhme ag údaráis garda cósta sna himchuacha farraige lena mbaineann.	Ó 2023, ar bhonn rollach.	BS, COM, SEGS, EFCA, EMSA, Frontex
	1.1.8	Sineirgí a chur chun cinn, i gcás inarb iomchuí agus indéanta ó thaobh an dlí de, idir gníomhaíochtaí CBSC agus coincheapa Oibríochta Muirí Ilchuspóirí arna bhforbairt faoi chuimsiú an chomhair idirghníomhaireachta maidir le feidhmeanna garda cósta.	Ó 2023, ar bhonn rollach.	BS, COM, SEGS, EFCA, EMSA, Frontex

	In imchuacha farraige ábhartha ar fud an Aontais			
	1.1.9	Freachnaimh slándála muirí, lena n-áirítear freachnaimh chabhlaigh bhliantúla de chabhlaigh agus gardaí cósta na mBallstát a eagrú, ina mbeidh cabhlaigh agus údarais slándála muirí óna oiread Ballstát agus is féidir chun cur le hullmhacht agus cumais freagartha i ndáil le bagairtí traidisiúnta agus na rioscaí agus na bagairtí a liostaítear i gCuspóir Straitéiseach 4.	Go bliantúil, ó 2024.	BS, COM, SEGS, (EUMS)
	1.1.10	Slándáil mhuirí a chur chun cinn agus a áireamh san obair ar straitéisí agus tionscnaimh a bhaineann leis na himchuacha farraige ar fud an Aontais agus ar straitéisí macrairéigiúnacha ábhartha, de réir mar is iomchuí.	Ó 2023, ar bhonn rollach.	BS, COM, SEGS
	Artach			
	1.1.11	Breathnóireacht satailíte leordhóthanach a áirithiú agus féachaint le seirbhísí leordhóthanacha SATCOM agus seirbhísí maidir le suíomh, loingseoireacht agus uainiú a bhaint amach i ndáil le bealaí nua na Mara Artaí, lena n-áirítear trí chumais Copernicus (lena n-áirítear a sheirbhís mhuirí – CMEMS agus faireachas muirí CMS ³), chun feasacht staide a fheabhsú.	Faoi 2025	BS, COM, EMSA
	1.1.12	Páirt a ghlacadh in obair na Comhairle Artaí agus i bhfóraim ghaolmhara, de réir mar is iomchuí.	Ar bhonn rollach.	BS, SEGS, COM
	An tAtlantach			
	1.1.13	Tacú le hoibríochtaí in aghaidh gáinneáil ar dhruaí trí fhaisnéis a mhalartú agus trí oibríochtaí comhpháirteacha a dhéanamh, lena	Ó 2023, ar bhonn rollach.	BS, COM, MAOC-N,

³ <https://marine.copernicus.eu/>

		n-áirítear é sin a dhéanamh ag tíortha/calafóirt imeachta agus ag calafóirt cinn scríbe agus saoráidí calafóirt cinn scríbe an Aontais, lena n-áirítear i Muir Chairib.		EMSA, EUROPOL, Frontex
	1.1.14	Comhar a chur ar bun maidir leis an tslándáil mhuirí le comhpháirtithe ar fud an Aigéin Atlantaigh, lena n-áirítear eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha ón Afraic agus ó Chríocha Mheiriceá.	Ó 2023	BS, COM, SEGS
	1.1.15	Gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta muirí réigiúnacha a shainaithint agus a chur chun cinn chun na cláir fothaithe acmhainneachta slándála muirí atá ann cheana a leathnú (e.g. Próiseas Rabat), a gcomhordú a fheabhsú agus tionscnaimh chomhchosúla a fhorbairt le tíortha comhpháirtíochta agus le heagraíochtaí réigiúnacha.	Ar bhonn rollach, ó 2024	BS, SEGS, COM
	1.1.16	Freachnaimh chomhpháirteacha a dhéanamh agus cuairteanna a thabhairt ar chalafoirt in éineacht le tíortha cósta atá ar aon dearcadh leo, chun ról an Aontais mar sholáthraí slándála muirí domhanda a neartú agus comhar sa tslándáil mhuirí a fheabhsú.	Ar bhonn rollach	BS, COM, SEGS
	Muir Bhailt			
	1.1.17	Sásra a bhunú a mbeidh an Coimisiún, Comhairle Stáit Mhuir Bhailt (CBSS) agus HELCOM páirteach ann chun gníomhaíochtaí eolaíocha, oibríochtaí agus comhroinnt sonraí a chomhordú chun plean gníomhaíochta a chur chun feidhme chun dul i ngleic le hordanás neamhphléasctha i Muir Bhailt agus doirteadh ola a d'fhéadfadh teacht ó longbhristeacha.	Ó 2023	BS, COM, SEGS
	1.1.18	Uirlis a fhorbairt ar an leibhéal réigiúnach chun gur féidir sonraí maidir le muinisin a chomhroinnt, measúnú riosca a dhéanamh agus na bealaí is fearr a shainaithint chun muinisin thraidisiúnta agus	Ó 2023	BS, COM, SEGS

		cheimiceacha a bhaint as Muir Bhailt.		
	1.1.19	Teicneolaíochtaí a fhorbairt agus a uas-scálú chun dul i ngleic le hordanás neamhphléasctha, rud a mbeidh baint ag eintitis shibhialtacha leis freisin, agus naisc le hearnáil na tionsclaíochta a chur chun cinn.	Ó 2024, ar bhonn rollach.	BS, COM, SEGS
	1.1.20	Dlús a chur leis na hiarrachtaí, lena n-áirítear trí fheachtas rialta a chur ar bun arb é is aidhm dó muinisin dhumpáilte a ghlanadh amach ó Réigiún Mhuir Bhailt mar chuid de fhreagairt chuimsitheach ar ordanás neamhphléasctha, chun beatha an duine agus an comhshaol muirí a chosaint, slándáil lánáí farraige a áirithiú agus forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha muirí a éascú.	Ó 2024, ar bhonn rollach.	BS, COM, SEGS
	An Mhuir Dhubh			
	1.1.21	Feabhas a chur ar na hacmhainneachtaí chun freagairt chomhordaithe a thabhairt ar thruailliú mara a bhaineann le coinbhleachtaí armtha, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí churaclaim oiliúna nua a fhorbairt chun dul i ngleic le truailliú ó fhoinsí éagsúla, lena n-áirítear e.g. ordanás neamhphléasctha, mianaigh, sceitheadh ola, soithí báite, etc., a d'fhéadfadh difear a dhéanamh freisin don bhithéagsúlacht agus d'éiceachórais, agus leas á bhaint freisin as an gClár Oibre Coiteann Muirí le haghaidh na Mara Duibhe agus as Clár Oibre Straitéiseach um Thaighde agus Nuálaíocht na Mara Duibhe.	Ó 2023	BS, COM, EMSA
	1.1.22	Cur leis na hacmhainneachtaí atá ag Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh agus ag seirbhísí eile de chuid an Aontais cheana féin agus feabhas a chur arna cumais atá ann faoi láthair chun mianaigh mhara a bhrath, lena n-áirítear mianaigh a imscartar i gcomhthéacs chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, rud a d'fhéadfadh loingseoireacht a chur i mbaol.	Ó 2023	BS, COM, Satcen

An Mheánmhuir				
	1.1.23	Feabhas a chur ar chumais thíortha comhpháirtíochta na Meánmhara atá ar aon dearcadh, agus faisnéis a chomhroinnt, i gcás inarb iomchuí, chun feabhas a chur ar a gcumas cúraimí faireachais mhuirí a chur i gcrích lena n-áirítear d'fhonn trasnuithe teorann neamhúdaraíthe agus gníomhaíochtaí coiriúla trasteorann a bhrath agus a chosc.	Ar bhonn rollach	BS, COM, SEGS, Frontex
	1.1.24	Feabhas a chur ar an gcomhordú agus ar na sineirgí idir Oibríocht IRINI, EUBAM LIBYA agus Gníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, chun sainordú iomlán Oibríocht IRINI a chur chun feidhme.	Ó 2023	BS, COM, SEGS, Frontex, EMSA, SatCen
	1.1.25	Feabhas a chur ar an gcomhordú idir Oibríocht IRINI agus comhpháirtithe ábhartha, trí leas breise a bhaint as na fóraim atá ann cheana le haghaidh malartú (e.g. Comhdháil SHADE MED) agus féachaint ar bhealaí chun leas a bhaint as sineirgí oibríochtúla.	Ó 2023	BS, SEGS
	1.1.26	Cúrsaí oiliúna a fhorbairt agus malartú faisnéise, saineolais, cúnaimh theicniúil, oiliúna agus dea-chleachtas a éascú i measc thíortha an Aontais don Réigiún Meánmhuirí chun dul i ngleic le gníomhaíochtaí aindleathacha ar muir, lena n-áirítear trí MedCGFF agus i gcomhréir leis an Dearbhú um Gheilleagar Gorm Inbhuanaithe ón Aontas don Réigiún Meánmhuirí ⁴ .	Ar bhonn rollach, ó 2024	BS, COM, Frontex, EMSA, EFCA

⁴ Airteagal 71 den Dearbhú um Gheilleagar Gorm Inbhuanaithe ón Aontas don Réigiún Meánmhuirí: Is díol sásaimh do na hAirí an ról gníomhach a ghlacann MedCGFF maidir leis an gcomhar réigiúnach a fheabhsú agus tuiscint a chur chun cinn ar shaincheistean mhuirí a bhfuil tábhacht fhrithpháirteach ag baint leo agus a bhfuil leas coiteann acu a bhaineann le feidhmeanna garda cósta thar theorainneacha agus earnálacha, idir

	1.1.27	Gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta muirí réigiúnacha a shainaithint agus a chur chun cinn chun na cláir fothaithe acmhainneachta slándála muirí atá ann cheana a leathnú (e.g. Próiseas Rabat), a gcomhordú a fheabhsú agus tionscnaimh chomhchosúla a fhorbairt le tíortha comhpháirtíochta agus le heagraíochtaí réigiúnacha.	Ar bhonn rollach, ó 2024	BS, SEGS, COM
	1.1.28	Moltaí CGIM/Scéim Cigireachta Idirnáisiúnta/Treoirthionscadail a chur chun feidhme chun feabhas a chur ar inbhuanaitheacht acmhainní iascaigh, chun tacú leis an gcomhrac i gcoinne iascaireacht NNN.	Ar bhonn rollach	BS, COM, EFCA
	1.1.29	Freachnaimh chomhpháirteacha a dhéanamh agus cuairteanna a thabhairt ar chalafoirt in éineacht le tíortha cósta atá ar aon dearcadh leo, chun ról an Aontais mar sholáthraí slándála muirí domhanda a neartú agus comhar sa tslándáil mhuirí a fheabhsú.	Ar bhonn rollach	BS, COM, SEGS
	An Mhuir Thuaidh			
	1.1.30	Cleachtadh mapála cuimsitheach a dhéanamh ar imchuach na Mara Thuaidh d'fhonn measúnú riosca a dhéanamh agus na bealaí is fearr chun muinisin thraidisiúnta agus cheimiceacha a bhaint a shainaithint.	Faoi dheireadh 2025	COM, BS
	I Limistéir Leasa Mhuirí			
	1.1.31	Dlús a chur leis an tacaíocht do chomhrac na ngníomhaíochtaí neamhdhleathacha agus aindleathacha ar muir, lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, gáinneáil ar dhruaí, píoráideacht agus iascaireacht NNN.	Ar bhonn rollach	BS, COM, SEGS
	Murascaill na Guine			
	1.1.32	Leanúint de thacaíocht a thabhairt d'Ollstruchtúr Yaoundé don	Bonn rollach	BS, COM,

earnálacha sibhialtacha agus earnálacha míleata, agus iarrann siad ar an bhfóram gníomhaíochtaí oiliúna a fhorbairt agus malartú faisnéise, saineolais, cúnamh theicniúil, oiliúna agus dea-chleachtas a éascú a thuilleadh chun aghaidh a thabhairt ar ghníomhaíochtaí aindleathacha ar muir.

		tslándáil mhuirí, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chlár Lónra Faisnéise Réigiúnach Mhurascaill na Guine (GoGIN) agus feabhas a chur ar an smacht reachta agus ar na creataí dlíthiúla náisiúnta sa réigiún, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí chlár SWAIMS agus PASSMAR atá ar siúl faoi láthair, go dtí go gcuirfear i gcrích iad in 2024, agus ina dhiaidh sin tríd an gclár réigiúnach maidir leis an tslándáil mhuirí a thiochfaidh ina dhiaidh sin, chomh maith GoGIN II agus an t-ardán YARIS.		SEGS, EMSA
	1.1.33	An comhleanúnachas a threisiú idir institiúidí an Aontais agus gníomhaíochtaí Bhallstáit an Aontais, go háirithe trí CMP a chomhdhlúthú i Murascaill na Guine.	Ar bhonn rollach	BS, SEGS, COM
	An réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach			
	1.1.34	Feabhas a chur ar shásraí comhroinnte faisnéise agus naisc a chumasú idir lárionaid um chomhleá faisnéise muirí trí úsáid ardán IORIS de chuid CRIMARIO agus tionscnamh SHARE.IT a fhorbairt agus a leathnú.	Ar bhonn rollach	BS, COM, SEGS
	1.1.35	Freachnaimh chomhpháirteacha agus cuairteanna ar chalafoirt a dhéanamh le comhpháirtithe ar aon intinn sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach, agus úsáid á baint as IORIS mar uirlis chomhoibríoch más féidir.	Ó 2024	BS, COM, SEGS
	1.1.36	Comhleanúnachas a threisiú idir institiúidí an Aontais agus gníomhaíochtaí Bhallstáit an Aontais agus idir na cláir fothaithe acmhainneachta, lena n-áirítear trí Láithreachtaí Muirí Comhordaithe san Aigéan Indiach Thiar Thuaidh (CMP NWIO).	Ó 2023	
	1.1.37	Dlús a chur leis an gcomhar maidir leis an tslándáil mhuirí le heagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha, go háirithe Comhlachas	Ó 2023	

		Náisiúin na hÁise Thoir Theas (ASEAN), lena n-áirítear féachaint le stádas Comhpháirtí Idirphlé a bhaint amach i gComhlachas Imeall an Aigéin Indiaigh (IORA).		
	1.1.38	Leanúint de thacaíocht a thabhairt don ollstruchtúr slándála muirí san Aigéan Indiach Thiar a cruthaíodh faoi chlár MASE (go dtí go dtabharfar an ghníomhaíocht sin chun críche in 2023) agus ar Chód Iompair Djibouti tríd an gelár réigiúnach atá ar na bacáin maidir leis an tslándáil mhuirí san Afraic fho-Shaháarach.	Ó 2024	COM, SEGS
	1.1.39	Leanúint d'Oibríocht EUNAVFOR ATALANTA a chur chun cinn mar chreat chun slándáil mhuirí a chur ar fáil laistigh dá shainordú agus dlús a chur le gníomhaíochtaí ar muir le tíortha agus eagraíochtaí atá ar aon intinn, lena n-áirítear trí CMP NWIO a chur san áireamh.	Ar bhonn rollach	BS, SEGS
1.2 Urraim don Dlí Idirnáisiúnta a chur chun cinn agus gníomhaíochtaí aindleathacha ar muir a chomhrac	Comhlíonadh UNCLOS agus ionstraimí idirnáisiúnta eile a bhaineann leis an tslándáil mhuirí a chur chun cinn			
	1.2.1	Comhlíonadh, síniú agus daingniú ionstraimí idirnáisiúnta a bhaineann leis an tslándáil mhuirí a mholadh, go háirithe UNCLOS, agus comhroinnt dea-chleachtas le stáit chósta agus comhpháirtithe cósta a chur chun cinn i gcur chun feidhme an dlí idirnáisiúnta a bhaineann leis an tslándáil mhuirí i bhfóraim ábhartha.	Ar bhonn rollach ó 2023	BS, COM, SEGS
	1.2.2	Comhoibriú le tíortha comhpháirtíochta chun dea-chleachtais agus bearta cothaithe muiníne a chomhroinnt chun cuidiú leis an dlí idirnáisiúnta a chur chun feidhme sa chaidreamh leis na tíortha comhpháirtíochta sin.	Ar bhonn rollach ó 2023	BS, COM, SEGS
	Gnéithe den tslándáil mhuirí a chur chun cinn agus a fhorbairt faoi chreataí dlíthiúla IMO agus an Aontais			
	1.2.3	Comhoibriú le tíortha comhpháirtíochta chun dul i ngleic le saincheistean slándála muirí trína áirithiú, mar shampla, go gcomhlíonfar ionstraimí dlí IMO, go háirithe chun an Cód	Ar bhonn rollach	BS, COM, EMSA

		Idirnáisiúnta um Shlándáil Long agus Saoráid Chalafoirt (ISPS) a chur chun feidhme.		
	1.2.4	Treoirlínte MARSEC Sheirbhísí an Choimisiúin Eorpaigh a chur chun cinn agus a fhorbairt, lena n-áirítear treoirlínte maidir leis an gcibearshlándáil, i gcomhréir le rialacháin IMO, chun feidhmeanna rialaithe slándála calafoirt agus long a chur chun cinn.	Ar bhonn rollach	BS, COM, EMSA
	1.2.5	Líon leordhóthanach cigireachtaí slándála muirí de chuid an Choimisiúin a dhéanamh mar ghníomhaíocht bhliantúil rialta (chun faireachán a dhéanamh ar chur i bhfeidhm reachtaíocht Slándála Muirí an Aontais sna Ballstáit); leanúint de bheith ag féachaint ar bhealaí chun feabhas a chur ar an tslándáil mhuirí, lena n-áirítear an chibearshlándáil, go háirithe i gcás muiriompair, lena n-áirítear longa paisinéirí.	Ar bhonn rollach	BS, COM, EMSA
	Tacú leis an gcomhrac i gcoinne na hiascaireachta neamhdhleathaí, neamhthuaisceithe agus neamhrialáilte (NNN) i gcomhréir le cur chuige comhdhlúite an Aontais agus le dea-chleachtais.			
	1.2.6	Leanúint de thacaíocht a thabhairt do na Ballstáit in oibríochtaí rialaithe comhpháirteacha agus in oibríochtaí rialaithe iascaigh, agus pleananna comh-implonaithe EFCA á gcur chun feidhme an tráth céanna chun malartú buan faisnéise agus gníomhaíochtaí faisnéise agus rialaithe a chumasú, arna mbeartú ar bhonn torthaí measúnaithe riosca.	Bonn rollach, leanúnach	BS, COM, EFCA
	1.2.7	Comhar idirghníomhaireachta a chur chun cinn, lena n-áirítear malartú sonraí, chun faireachán, rialú agus faireachas a fheabhsú agus chun tacú le húdarais iascaigh san Aontas agus lasmuigh ⁵ (lena n-áirítear lárionaid faireacháin iascaigh náisiúnta agus réigiúnacha),	Leanúnach	BS, COM, EFCA, EMSA, Frontex

⁵ Is faoi shainordú EFCA a thugtar tacaíocht iascaigh d'údarais san Aontas agus lasmuigh, agus tacaíocht ag EFCA ó na gníomhaireachtaí eile. Teastaíonn iarraidh shonrach arna soláthar ag an gCoimisiún Eorpach chun tacaíocht a thabhairt d'údarais iascaigh lasmuigh den Aontas.

		chun an reachtaíocht réigiúnach agus náisiúnta is infheidhme a fhorfheidhmiú.		
	1.2.8	Tacú le garda cósta agus fórsaí cabhlaigh na mBallstát seirbhísí a sholáthar i limistéir choinbhinsiúin ERBInna ábhartha, chun sábháilteacht agus slándáil na maraithe, na soithí iascaireachta agus na gcabhlach a áirithiú (e.g., ó phíoráideacht), agus chun rialú níos fearr a dhéanamh ar mhí-úsáidí saothair éigeantacha agus tromchúiseacha ar muir agus chun na mí-úsáidí sin a dhíothú.	Bonn rollach, ó 2023	BS, COM
	1.2.9	Gníomh a dhéanamh chun mí-úsáidí saothair éigeantacha agus tromchúiseacha ar muir a rialú agus a dhíothú.	Bonn rollach, ó 2023	BS, COM
	Rialuithe teorann a neartú agus gníomhaíochtaí coiriúla trasteorann, mar shampla smuigleáil imirceach nó earraí, agus gáinneáil ar dhaoine, a chomhrac, agus béim á leagan ar áiteanna den Aontas a ndéanann brú imirce difear mór dóibh, agus gníomhaíochtaí neamhdhleathacha neamhúdairithe taiscéalaíochta agus druileála do hidreacarbóin			
	1.2.10	Freagairt chomhleanúnach láidir a fhorbairt chun cur i gcoinne ionstraimiú na himirce ar muir agus chun líonraí coiriúla a bhíonn i mbun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a dhíspreagadh, a dhíchóimeáil agus a ionchúiseamh.	Ó 2023	BS, COM, SEGS, Frontex, Europol, Eurojust
	1.2.11	Leas a bhaint as cur chun feidhme iomlán Rialachán EBCG ⁶ agus as an gcomhar struchtúrtha idir gníomhaithe ábhartha (e.g. EUROPOL, INTERPOL, UNODC), agus d'fhonn tacú le gníomhaíochtaí an tSásra Aontais um Chosaint Shibhialta, feabhas a chur ar anailís riosca chun limistéir mhuirí agus calafoirt a bhfuil faireachán le déanamh orthu a shainaithint, chomh maith le soithí agus aerárthaí a	Ó 2024	BS, COM, EMSA, Frontex

⁶ Rialachán (AE) 2019/1896

		bhfuil rianú le déanamh orthu, chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha trasteorann a chomhrac.		
	1.2.12	Léiriú staid de chuid an Aontais a chruthú agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear an limistéar réamhtheorann, bunaithe ar mhalartú faisnéise, anailís riosca agus faireachas aeir réamhghníomhach agus patrólú réamhghníomhach.	Ó 2024	BS, Frontex
	1.2.13	Limistéir mhuirí Bhallstáit an Aontais a chosaint ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha neamhúdaraíthe taiscéalaíochta agus druileála le haghaidh hidreacarbón agus acmhainní eile, i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe UNCLOS.	Ar bhonn rollach, ó 2023	BS, SEGS

Cuspóir Straitéiseach 2. Comhoibriú le comhpháirtithe

Cuspóirí	Gníomhaíochtaí		Amlíne I gcás inarb infheidhme	Gníomhaithe lena mbaineann
2.1 Borradh a chur faoin gcomhar le comhpháirtithe eile atá ar aon intinn leo agus le comhpháirtithe straitéiseacha	Borradh a chur faoin gcomhar le comhpháirtithe atá ar aon intinn agus le comhpháirtithe straitéiseacha			
	2.1.1	Rannpháirtíocht an Aontais i sásraí na gComhdhálacha um Fheasacht Chomhroinnte agus Díchoinbhleachtú sa réimse muirí a mhéadú, lena n-áirítear grúpaí fo-oibre Mhurascaill na Guine de chuid na gComhdhálacha sin. Páirt a ghlacadh in obair G7++FOGG (Cairde Mhurascaill na Guine) agus a fhoghrúpaí. Páirt a ghlacadh in obair Chód Iompair Djibouti agus a fhoghrúpaí oibre.	Ar bhonn rollach, ó 2023	BS, SEGS, COM

	2.1.2	Feabhas a chur ar an idirphlé agus ar an gcomhar le tríú tíortha agus le comhpháirtithe idirnáisiúnta maidir le saincheisteanna slándála muirí leasa choitinn amhail faireachas ar bhonneagar criticiúil muirí agus cosaint bhonneagair chriticiúil mhuirí.	Ó 2023	BS, SEGS, COM
	2.1.3	Tacú le tíortha comhpháirtíochta chun a gcumais maidir le rialachas muirí agus an smacht reachta, lena n-áirítear nósanna imeachta um bhailchríoch dhlíthiúil ⁷ , a fhorbairt chomh maith lena gcumais mhíleata agus chabhlaigh, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an tSaoráid Eorpach Síochána.	Ó 2023	BS, COM, SEGS
	2.1.4	Staidéir a dhéanamh chun tuiscint níos fearr a fháil ar spleáchais ghnó agus trádála ar phríomhchalafoirt agus línte muirí cumarsáide laistigh den Aontas agus thar lear, agus formáidí malartúcháin a fhorbairt le príomhghníomhaithe gnó agus tionscail a bhraitheann ar allmhairiú agus ar onnmhairiú chomh maith le cuideachtaí loingseoireachta chun comhthuiscint a chothú maidir le spleáchas ar shlándáil mhuirí agus ar línte muirí cumarsáide.	Ó 2023	BS, SEGS, COM
	An comhar a fheabhsú agus cur leis na hidirghníomhaíochtaí oibríochtúla leis na comhpháirtithe uile ar muir			
	2.1.5	Oifigigh idirchaidrimh de chuid an Aontais a imscaradh i lárionaid réigiúnacha um chomhleá faisnéise muirí i limistéir leasa muirí, chun malartú faisnéise agus comhar idir an tAontas agus a chomhpháirtithe a éascú agus, i gcás inarb iomchuí, chun meastóireacht a dhéanamh ar a indéanta atá sé na lárionaid chomhleá sin a nascadh go díreach le córais faireachais mhuirí ábhartha de chuid an Aontais	Ó 2023	BS, SEGS
	2.1.6	Úsáid ardáin, mar shampla IORIS agus YARIS, a chur chun cinn i gcás sócmhainní cabhlaigh na mBallstát a imscartar in CMP le haghaidh cumarsáid sheachtrach agus i bhfreachnaimh le stáit chósta	Ar bhonn rollach, ó 2023	BS, SEGS, GEC

⁷ Nósanna imeachta a bhaineann le hionchúiseamh amhrastach a bhí páirteach i gcoireanna muirí, go háirithe píoráideacht agus robáil armtha ar muir.

		agus comhpháirtithe cósta.		
	2.1.7	Uirlisí comhoibritheacha sibhialtacha a bhunú idir oibríochtaí muirí arna ndéanamh ag Ballstáit an Aontais agus ag Gníomhaireachtaí an Aontais.	Ó 2024	BS, COM, SEGS, GEC, EMSA, EUROPOL, SatCen, Frontex
	An tslándáil mhuirí a áireamh sa chaidreamh le tíortha comhpháirtíochta agus le heagraíochtaí réigiúnacha			
	2.1.8	Naisc a fhorbairt le tíortha comhpháirtíochta agus le heagraíochtaí réigiúnacha trí pháirt a ghlacadh i dtionscadail chomhpháirteacha a bhaineann le slándáil agus sábháilteacht mhuirí, de réir mar is iomchuí.	Ó 2023	BS, COM, SEGS
	2.1.9	Comhar maidir le feidhm an gharda chósta a fhorbairt faoi chuimsiú na socruithe oibre agus na gcomhaontuithe stádais atá ann cheana nó a bheidh ann amach anseo le tíortha comhpháirtíochta, lena n-áirítear é sin a dhéanamh chun patrólú muirí a neartú.	Ó 2023	BS, SEGS, Frontex, EMSA, EFCA
2.2 Oibriú le comhpháirtithe neamh-AE chun dlús a chur leis an bhfaireachas muirí	Oibriú le comhpháirtithe neamh-AE ar réitigh idir-inoibritheachta maidir le faisnéis faoi fhaireachas muirí a chomhroinnt			
	2.2.1	An tacaíocht don ollstruchtúr réigiúnach slándála muirí san Aigéan Indiach Thiar a choinneáil ar bun.	Ar bhonn rollach	COM, SEGS
	2.2.2	Feabhas a chur ar an malartú faisnéise le tíortha comhpháirtíochta faoi chuimsiú EUROSUR, agus trí léirithe staide sonracha a ghníomhachtú (Airteagal 27 de Rialachán EBCG 2.0).	Faoi dheireadh 2024	BS, COM, SEGS, GEC, Frontex
	Ollstruchtúr slándála muirí agus comhar idirghníomhaireachta a neartú in imchuacha farraige agus i limistéir mhuirí a bhfuil leas straitéiseach ag baint leo			

	2.2.3	Tacú le fothú acmhainneachta muirí agus feasacht ar an réimse muirí a fheabhsú sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach trí MASE, go dtí go gcríochnófar é i mí na Nollag 2023, agus ina dhiaidh sin tríd an gclár réigiúnach um shlándáil mhuirí a thiocfaidh ina dhiaidh sin, a thosóidh in 2024, chomh maith leis an gclár CRIMARIO, lena n-áirítear ardán IORIS.	Ar bhonn rollach	COM, SEGS
	2.2.4	Sineirgí a neartú idir an clár Ecofish agus cláir slándála calafoirt, CRIMARIO agus MASE, go dtí go dtabharfar chun críche é, agus ina dhiaidh sin tríd an gclár réigiúnach a thiocfaidh ina dhiaidh sin maidir le slándáil mhuirí.		COM, SEGS
	2.2.5	Tacú le cur chun feidhme ollstruchtúr slándála muirí Yaoundé i réigiún Mhurascaill na Guine trí Líonra Idir-Réigiúnach Mhurascaill na Guine agus an t-ardán YARIS i gcomhar le comhpháirtithe ábhartha.		COM, SEGS
2.3 An comhar a fheabhsú ar an leibhéal déthaobhach agus ar an leibhéal iltaobhach	An comhar a fheabhsú ar an leibhéal déthaobhach agus ar an leibhéal iltaobhach			
	2.3.1	An comhar le ECAT maidir leis an tslándáil mhuirí a dhoimhniú faoi chreat comhaontaithe na nDearbhuithe Comhpháirteacha agus na sraithe comhchoitinne tograí, lena n-áirítear tríd an idirphlé struchtúrtha idir an tAontas agus ECAT maidir leis an athléimneacht, agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na hoscailteachta frithpháirtí agus na trédhearcachta, na cómhálartachta agus na	Ó 2023	BS, SEGS, GEC

		cuimsitheachta mar aon le neamhspleáchas cinnteoireachta an dá eagraíocht ⁸ .		
	2.3.2	An comhar le Coinbhinsiún IMO agus leis an gCoinbhinsiún maidir le Farraigí Réigiúnacha a neartú chun cur i gcoinne gníomhartha neamhdhleathacha intinneacha bagartha a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do longa agus do shaoráidí calafoirt ar fud an domhain.	Ó 2024	BS, COM, EMSA, HELCOM, OSPAR, Coinbhinsiún Barcelona
	2.3.3	Comhar le UNODC a neartú chun dul i ngleic le coireacht eagraithe thrasnáisiúnta ar muir nó thar muir.	Ó 2024	BS, SEGS, Frontex

Cuspóir Straitéiseach 3. Feasacht ar réimsí muirí a threorú

Cuspóirí	Gníomhaíochtaí		Amlíne I gcás inarb infheidhme	Gníomhaithe lena mbaineann
3.1. Feasacht an Aontais ar an réimse muirí a fheabhsú	Malartú faisnéise slán agus tapa a áirithiú idir na hearnálacha gaolmhara agus na córais ghaolmhara uile ar fud an Aontais agus CSTE			
	3.1.1	Céim oibríochtúil CISE a sheoladh, lena n-áirítear cur chun feidhme líonra rúnaicmithe CISE.	Ó 2024	BS, COM, EMSA ⁹
	3.1.2	Údaráis garda cósta agus mhíleata ar leith de chuid na mBallstát a	Ar bhonn	COM, EMSA

⁸ Chun teacht ar liosta na réimsí comhair, féach téacs an Tríú Dearbhú Comhpháirteach maidir le Comhar idir an tAontas agus ECAT an 10 Eanáir 2023 (<https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2023/01/10/eu-nato-joint-declaration-10-january-2023/>)

⁹ Tá an chéim oibríochtúil agus uainiú gach gníomhaíochta a liostaítear sa phlean gníomhaíochta seo faoi réir ghníomhachtú an chúraim, tar éis fhormheas Bhord EMSA.

		spreagadh/a dhreasú chun dul isteach i gcomhphobal CISE.	rollach, ó 2023	
	3.1.3	Úsáid a bhaint as CISE chun faisnéis faoi fhaireachas muirí a mhalartú, chun borradh a chur faoin athléimneacht agus chun bonneagar muirí criticiúil a chosaint (e.g. cáblaí fomhuirí, píblínte, agus láithreáin in-athnuaite amach ón gcósta).	Ó 2024	BS, COM, GEC, SatCen, EMSA
	3.1.4	Breithniú a dhéanamh ar úsáid CISE chun faisnéis a mhalartú i gcomhthéacs an chomhair idirghníomhaireachta, mar chomhlánú ar na líonraí atá i bhfeidhm cheana.	Ar bhonn rollach, a luaithe a bheidh CISE oibríochtúil.	MS, EFCA, EMSA agus Frontex
	3.1.5	Tacú le clár a bhunú maidir le feasacht ar réimsí muirí don chosaint, agus sioncrónú le páirtithe leasmhara sibhialtacha ábhartha á áirithiú an tráth céanna.	Faoi 2024	BS, GEC
	Comhroinnt faisnéise a neartú idir údaráis mhuirí sibhialtacha agus mhíleata			
	3.1.6	MARSUR a neartú agus malartú faisnéise oibríochtúil idir Líonra MARSUR agus CISE a áirithiú (lena n-áirítear faisnéis rúnaicmithe agus neamh-rúnaicmithe).	Deireadh 2024	COM, EMSA, GEC, SatCen, BS
	3.1.7	Cumarsáid agus comhordú a neartú i measc lárionaid oibríochta muirí náisiúnta de chuid an Aontais trí úsáid a bhaint as CISE agus MARSUR, ar bhonn réigiúnach de réir mar is iomchuí, chun faireachas muirí comhtháite a shaothrú agus a fheabhsú sna himchuacha farraige ar fud an Aontais.	Ar bhonn rollach	BS, COM, GEC, SEGS(EUMS), EMSA
	3.1.8	MSC-HoA a threisiú chun feasacht ar réimsí muirí a fheabhsú i réimsí atá ríthábhachtach don trácht muirí.	Ar bhonn rollach	BS, SEGS
	Faireachas muirí agus malartú faisnéise a fheabhsú, agus úsáid á baint as cumais spásbhunaithe, RPAS agus teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear é sin a dhéanamh chun teorainneacha seachtracha an Aontais			

	a chosaint			
	3.1.9	Malartú faisnéise ábhartha a chumasú idir cumais spásbhunaithe agus ionstraimí faireachais mhuirí, lena n-áirítear CISE agus MARSUR.	Deireadh 2024	BS, COM, EMSA, GEC, GES, SatCen
		Leas iomlán a bhaint as cumais agus seirbhísí chláir spáis an Aontais atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo, lena n-áirítear an chomhpháirt um Fhaire na Cruinne (Copernicus, lena n-áirítear a sheirbhís mhuirí - CMEMS agus faireachas muirí CMS), Galileo (agus a chóras freagartha do bhagairtí) agus EGNOS, chomh maith le IRIS ¹⁰ , lena n-áirítear leas a bhaint astu chun críoch faireachais mhuirí, faireacháin ar an muirthimpeallacht agus athraithe aeráide.	Ó 2023	BS, COM, SEGS, EMSA, EFCA, SatCen
	3.1.11	Taighde agus nuálaíocht spáis a chur chun cinn le haghaidh feidhmeanna faireachais mhuirí, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí rannpháirtíocht na bpríomhghníomhaithe agus na tionsclaíochta, mar aon le Lárionad Satailítí an Aontais agus Clár Oibre Copernicus um Thaighde Straitéiseach ar Shlándaíl.	Ó 2023	BS, COM, EMSA, Frontex, SatCen
	3.1.12	Feabhas a chur ar chomhtháthú na teicneolaíochta spásbhunaithe le córais aerárthaí cianrialaithe chomh maith le stáisiúin radair, aerárthaí patróil mhuirí, agus modhanna ar muir (le foireann agus gan foireann) trí úsáid a bhaint as uirlisí nuálacha cibear-athléimneacha.	Ar bhonn rollach ó 2023	BS, EMSA, Frontex, SatCen
	3.1.13	Dlús a chur leis an bhfaireachas a dhéanann soithí patróil cósta agus amach ón gcósta agus é sin a chomhlánú le hardáin chabhlaigh ardleibhéil atá líonraithe go digiteach, lena n-áirítear ardáin gan foireann i gcomhréir le rialacha náisiúnta.	Treoirthionscadal le cur chun feidhme faoi 2025	BS, COM, SEGS, GEC, Frontex

¹⁰ https://defence-industry-space.ec.europa.eu/welcome-iris2-infrastructure-resilience-interconnectivity-and-security-satellite-2022-11-17_en

	3.1.14	Úsáid chórasach a bhaint as réitigh nuálacha (teicneolaíocht agus eolas) a eascraíonn as taighde agus nuálaíocht slándála sibhialtach an Aontais maidir leis an tslándáil mhuirí arna gcistiú faoi na glaonna i réimse na slándála teorann agus na slándála seachtraí faoi Fís 2020, chomh maith le glaonna ábhartha faoi Fís Eorpach.	Ó 2023	BS
	3.1.15	Breithniú a dhéanamh ar ghairis radair dho-aistrithe, gairis satailíte optúla agus gairis hipirspeictreacha a imscaradh i suíomhanna straitéiseacha, chun bagairtí slándála muirí a bhrath agus a shainaithint ar bhealach níos fearr, má shocraítear sin a dhéanamh.	Ar bhonn rollach	MS, EMSA, Frontex
	3.1.16	Faoi chuimsiú an Fhórait Eorpaigh maidir le Feidhmeanna Garda Cósta agus Fhóram na Meánmhara maidir le Feidhmeanna Garda Cósta, rannchuidiú le feasacht ar an réimse muirí a neartú agus le comhar an Aontais agus comhar idirnáisiúnta a neartú trí dhea-chleachtais a mhalartú.	Ó 2023	BS, SEGS, COM, EFCA, EMSA, Frontex
	Cumais Faireachais Mhuirí a Fhorbairt			
	3.1.17	Breithniú a dhéanamh ar fhorbairt dhearadh an trealaimh agus na gcóras mar shampla misean beag satailíte atá le cur chun feidhme faoi chuimsiú buíon satailítí, líonraí radair cósta, agus ardáin leathfhosaithe gan foireann ar muir.	Ó 2023	COM, BS
3.2. Oibriú le comhpháirtithe ábhartha neamh-AE ar réitigh idir-inoibritheachta maidir le faisnéis faoi fhaireachas muirí a chomhroinnt	Oibriú le comhpháirtithe ábhartha neamh-AE ar réitigh idir-inoibritheachta maidir le faisnéis faoi fhaireachas muirí a chomhroinnt			
	3.2.1	Tacú le fothú acmhainneachta muirí agus feasacht ar an réimse muirí a mhúscailt sa réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach trí MASE, go dtí go gcríochnófar é i mí na Nollag 2023, agus ina dhiaidh sin tríd an gclár réigiúnach um shlándáil mhuirí a thiocfaidh ina dhiaidh, a thosóidh in 2024, chomh maith leis an tionscadal CRIMARIO, lena n-áirítear	Ar bhonn rollach	COM, SEGS

		ardán IORIS.		
	3.2.2	Tacú le cur chun feidhme ollstruchtúr slándála muirí Yaoundé i réigiún Mhurascaill na Guine trí Líonra Idir-Réigiúnach Mhurascaill na Guine, go háirithe ardán YARIS.	Leanúnach	COM, SEGS
	3.2.3	Tacú le comhpháirtithe, a a bhfuil dearcadh céanna acu ach nach baill den Aontas iad, trí phictiúir agus anailísí satailíte a thabhairt dóibh arna gcur ar fáil ag gníomhaireachtaí an Aontais i gcomhthéacs tionscadal tiomnaithe, lena n-áirítear tionscadail a bhaineann le gníomhaíochtaí iascaireachta NNN.	Leanúnach	COM, SEGS, EFCA, SatCen

Cuspóir Straitéiseach 4. Rioscaí agus bagairtí a bhainistiú

Cuspóirí	Gníomhaíochtaí		Amlíne I gcás inarb infheidhme	Gníomhaithe lena mbaineann
4.1 Feasacht agus ullmhacht a fhorbairt a thuilleadh chun dul i ngleic le bagairtí a bhaineann leis an athrú aeráide agus le díghrádú an chomhshaoil	4.1.1	Cumais chomhordúcháin agus idirghabhála a neartú i gcás teagmhais agus tubaistí ar muir, agus aird chuí á tabhairt ar chórais a óstálann EMSA agus ar Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta, agus trí chur chuige comhtháite agus mearfhreagairt a neartú agus/nó a fhorbairt chun teagmhais mhuirí a bhainistiú.	Ar bhonn rollach	BS, COM, SEGS, GEC, EMSA
	4.1.2	Cur leis an eolas ar éifeachtaí an athraithe aeráide, an ardaithe ar leibhéal na farraige, borthaí stoirme, agus dhíghrádú an chomhshaoil ar an tslándáil mhuirí agus aghaidh a thabhairt ar rioscaí agus bagairtí gaolmhara.	Ar bhonn rollach, ó 2023.	COM, SEGS, BS, GEC, SatCen
	4.1.3	Feasacht ar an réimse muirí, luathrabhadh agus fadbhreathnaitheacht straitéiseach maidir le héifeachtaí an athraithe aeráide agus dhíghrádú an chomhshaoil ar an tslándáil	Ar bhonn rollach, ó 2023.	COM, SEGS, BS, GEC, Frontex,

		mhuirí a neartú, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí bhailiú agus malartú sonraí breathnóireachta aigéin a éascú, tar éis measúnú riosca a dhéanamh.		SatCen
	4.1.4	Oiliúint agus freachnaimh arna réachtáil ag údaráis inniúla a leathnú chun dul i mbun ullmhúcháin d'éifeachtaí an athraithe aeráide agus dhíghrádú an chomhshaoil ar an tslándáil mhuirí agus freagairt orthu.	Ar bhonn rollach, ó 2024	BS, COM, SEGS
	4.1.5	Rannchuidiú le Leathbhreac Digiteach an Aigéin a fhorbairt, ó thaobh na slándála muirí de, chun aghaidh a thabhairt ar an tionchar frithpháirteach atá ag an tslándáil mhuirí agus ag comhshaol agus aeráid atá ag athrú.	Ar bhonn rollach, ó 2024	BS, COM
	4.1.6	Breathnú ar aghaidh a thabhairt ar oibríochtaí idir longa a d'fhéadfadh a bheith ina n-ionsaithe hibrídeacha.	Ar bhonn rollach, ó 2023	COM, BS, SEGS
4.2 Cur le hathléimneacht agus cosaint an bhonneagair mhuirí chriticiúil (e.g. píblínte gáis, cáblaí faoi uisce, calafoirt, saoráidí fuinnimh amach ón gcósta, críochfoirt GNL, agus aonaid stórála agus athghásúcháin ar snámh)	Athléimneacht agus cosaint an bhonneagair chriticiúil mhuirí a neartú, agus aird á tabhairt ar shainiúlachtaí réigiúnacha agus ar leibhéil bhagartha.			
	4.2.1	Tionscadail réigiúnacha a chur chun cinn i ngach imchuach farraige ar fud an Aontais chun athléimneacht agus cosaint an bhonneagair mhuirí chriticiúil a neartú, chun leanúnachas, infhaighteacht agus rúndacht na bpróiseas a chosaint, mar shampla dáileadh fuinnimh agus trácht idirlín agus sonraí.	Ar bhonn rollach, ó 2023	BS, COM, SEGS
	4.2.2	Measúnú riosca agus pleananna teagmhasacha/pleananna téarnaimh ó thubaiste a tharraingt suas (ar leibhéal an Aontais/ar an leibhéal náisiúnta) le haghaidh bonneagar muirí criticiúil, agus gach páirtí leasmhar rannpháirteach ann, lena n-áirítear ón earnáil phríobháideach, agus gan dochar don Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil (e.g. maidir leis an	Ó 2023	BS, COM, SEGS, EUMS, GEC, EMSA

		measúnú riosca ar eintitis chriticiúla san earnáil iompair agus san fho-earnáil iompair uisce).		
	4.2.3	Tástálacha struis a dhéanamh le haghaidh bonneagar muirí, bunaithe ar Mholadh 15623/22 ón gComhairle, agus úsáid á baint, i gcás inarb infheidhme, as na caighdeáin maidir le modheolaíocht na tástála struis le haghaidh bonneagar criticiúil a forbraíodh faoi thionscadal INFRASTRESS.	Ó 2023	BS, COM
	4.2.4	Freachnaimh mhuirí bheo rialta ar scála iomlán a dhéanamh ar leibhéal an Aontais, lena ndíreofar <i>inter alia</i> ar chosaint calafort, lena dtabharfar aghaidh ar chibearbhagairtí agus bagairtí hibrídeacha, agus ina mbeidh baint ag an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, i gcás inarb iomchuí.	Ar bhonn rollach, ó 2023	BS, COM, SEGS, ECGFF, GEC, Frontex, ENISA
	4.2.5	Dlús a chur leis an gcomhar idir na Ballstáit, le tacaíocht ó Ghníomhaireachtaí ábhartha an Aontais, chun plean faireachais réigiúnach a fhorbairt le haghaidh bonneagar faoi uisce agus bonneagar amach ón gcósta, lena ndíreofar ar ghníomhaíocht naimhdeach i gcoinne an bhonneagair sin a dhíspreagadh. Dlús a chur leis an gcomhar maidir le teagmhais a mheasúnú; an comhar idir údaráis shibhialtacha agus mhíleata, agus maidir le sócmhainní a chomhroinnt agus faisnéis a mhalartú chun bonneagar faoi uisce agus bonneagar amach ón gcósta a chosaint. Dlús a chur leis an gcomhar sa réimse sin le tríú tíortha a bhfuil an dearcadh céanna acu agus le príomh-chomhpháirtithe mar shampla ECAT tríd an Idirphlé Struchtúrtha maidir le hAthléimneacht idir an tAontas agus ECAT.	Ó 2024	BS, COM, GEC, EMSA

	4.2.6	Soithí speisialaithe agus modhanna eile (RPAS, íomhánna satailíte) a fhorbairt agus a imscaradh de réir mar is iomchuí chun patról a dhéanamh ar bhonneagar muirí criticiúil, lena n-áirítear soithí suirbhéireachta ilróil, agus chun é a chosaint.	Modhanna atá ann cheana a imscaradh faoi dheireadh 2023. Tuilleadh modhanna/sócmhainní a fhorbairt faoi 2025.	BS, GEC, SatCen
	4.2.7	Tuilleadh taighde a dhéanamh maidir le bonneagar muirí criticiúil a chosaint, chun tacú le moltaí ábhartha CARD freisin.	Faoi 2025	BS, GEC
	4.2.8	Inniúlachtaí na n-údarás náisiúnta maidir le slándáil long agus calafort a neartú, i gcomhréir le SOLAS, Cód ISPS, Rialachán 25/2004 ¹¹ agus 2005/65/CE ¹² .	Ar bhonn rollach, ó 2023	BS, EMSA
	4.2.9	Feabhas a chur ar shásraí comhroinnte faisnéise le tíortha comhpháirtíochta a bhfuil an dearcadh céanna acu, i gcás inarb iomchuí, chun feabhas a chur ar an malartú faisnéise agus ar an bhfaireachas ar bhonneagar criticiúil muirí.	Ar bhonn rollach, ó 2023	BS, COM, SEGS
4.3 An chibearshlándáil a fheabhsú	Measúnú a dhéanamh ar chibear-rioscaí agus bearta slándála oiriúnacha a shainaithint			
	4.3.1	Treoir ábhartha a chur chun feidhme san earnáil mhuirí, go háirithe maidir le calafoirt i gcomhthéacs Threoir NIS2.	Ó 2024	BS, COM
	4.3.2	Cumais choiteanna chibearfhairéachais a fhorbairt a thuilleadh	Ó 2024	BS, COM,

¹¹ Rialachán (CE) Uimh. 725/2004

¹² Treoir 2005/65/CE

		do riaracháin mhuirí/údaráis garda cósta. Cumas na hearnála muirí aghaidh a thabhairt ar chibearbhagairtí a fhorbairt trí mhalartú dea-chleachtas agus fhorbairt threorach idir gníomhaithe muirí a spreagadh, agus trí aghaidh a thabhairt a thuilleadh ar shaincheisteanna cibearshlándála i réimsí na slándála agus na sábháilteachta ar leibhéal na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO).		EMSA, ENISA
	4.3.3	Comhar a fhorbairt maidir leis an gcibearshlándáil sa réimse muirí le tíortha nach bhfuil san Aontas Eorpach a bhfuil an dearadh céanna acu, ar an leibhéal déthaobhach nó ar an leibhéal iltaobhach, <i>inter alia</i> , agus é mar chuspóir feabhas a chur ar chosaint an bhonneagair dhigitigh mhuirí.	Ó 2023	BS, COM, ENISA
	4.3.4	Feabhas a chur ar athléimneacht riarachán muirí trí sheisiúin oiliúna rialta a reáchtáil maidir le bainistiú géarchéime cibearshlándála, agus cultúr a fhorbairt ina mbeadh freagairt chomhpháirteach ar theagmhais.	Ar bhonn rollach, ó 2024.	BS, COM, ENISA, EMSA, Frontex
	4.3.5	Feabhas a chur ar an eolas ar an gcibearshlándáil agus tuilleadh forbartha a dhéanamh ar chleachtadh mapála iomlán le haghaidh na cibearshlándála sa loingseoireacht chun freagrachtaí a shainaithint.	Ó 2024	BS, COM, EMSA, ENISA
	4.4 Athléimneacht an Aontais a neartú agus	Dul i ngleic le cur isteach agus ionramháil faisnéise eachtrach agus intíre, agus le bagairtí hibrídeacha eile a bhaineann leis an réimse muirí		

feabhas a chur ar an bhfreagairt ar chur isteach agus ar ionramháil faisnéise, agus ar bhagairtí hibrídeacha eile a bhaineann leis an tslándáil mhuirí	4.4.1	Frith-insintí a bhaineann le cúrsaí muirí a chur chun feidhme, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí tharmligean na gcumhachtaí is gá chun dul i ngleic leis an mbréagaisnéis agus chun frithghníomhaíochtaí a chur chun feidhme a chur ar fáil do na húdaráis oibriúcháin (Ceannasaithe Oibriúcháin).	Ó 2023	BS, SEGS agus oibríochtaí cabhlaigh an Aontais
	4.4.2	Comhar feidhme gharda cósta an Aontais a chur chun cinn maidir le dul i ngleic le bagairtí hibrídeacha sa réimse muirí, agus eile.	Ar bhonn rollach, ó 2023.	BS, COM, EMSA, Frontex
4.5 Measúnú a dhéanamh ar na tionchair shlándála a d'fhéadfadh a bheith ag infheistíocht dhíreach choigríche i mbonneagar muirí	4.5.1	Measúnú a dhéanamh ar infheistíocht i mbonneagar muirí ag eintitis neamh-AE i gcomhthéacs shásra comhair an Aontais ar bhonn Rialachán (AE) 2019/452 ¹³ .	Leanúnach	BS, COM
4.6 Freagairt chuimsitheach a fhorbairt ar ordanás neamhphléasctha sna himchuacha farraige ar fud an Aontais	4.6.1	Ar bhonn na dtreoirghníomhaíochtaí a bhaineann le hordanás neamhphléasctha a rinneadh i Muir Bhailt, plean cuimsitheach a tharraingt suas le haghaidh imchuacha farraige ar fud an Aontais chun cineál, suíomh agus líon na n-ordanás neamhphléasctha ó ghníomhaíochtaí míleata a mhapáil, mar chuid den iarracht a dtionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú, slándáil lánaí farraige a áirithiú agus forbairt gníomhaíochtaí eacnamaíocha muirí a éascú. Ag an am céanna, na cumais atá ag an Aontas cheana agus na cumais atá de dhíth a shainaithint mar aon le sásraí cistiúcháin iomchuí chun dul i ngleic le hordanás neamhphléasctha sna himchuacha farraige ar fud an Aontais.	Ó 2023	BS, COM
4.7 Dlús a chur le	4.7.1	Cigireachtaí slándála muirí leordhóthanacha a chur chun feidhme	Leanúnach ar bhonn	BS, COM,

¹³ Rialachán (AE) 2019/452

gníomhaíocht chun ullmhú do ghníomhartha sceimhlitheoireachta, do ghníomhartha neamhdhleathacha agus coireanna muirí, do bhagairtí ar shaoirse loingseoireachta agus do bhagairtí hibrídeacha		agus a áirithiú go bhfuil longa, calafoirt agus saoráidí calafoirt san Aontas daingnithe agus cosanta i gceart, i gcomhréir le reachtaíocht infheidhme idirnáisiúnta agus reachtaíocht infheidhme an Aontais.	bliantúil	EMSA
	4.7.2	An cumas a neartú chun gníomhaíochtaí neamhdhleathacha ar muir, lena n-áirítear píoráideacht, a chosc, a bhrath agus a chomhrac, i gcomhthéacs Láithreachaí Muirí Comhordaithe agus trí chomhar le comhpháirtithe straitéiseacha a bhfuil an dearcadh céanna acu.	Ar bhonn rollach	BS, SEGS
	4.7.3	Measúnú riosca Sheirbhísí an Choimisiún Eorpaigh ar shlándáil long paisinéirí a fheabhsú a thabhairt i gcrích, chun réitigh a shainaithint chun rioscaí agus bagairtí comhroinnte ar shlándáil long paisinéirí san Aontas a chomhrac.	Leanúnach	COM
	4.7.4	Staidéar a dhéanamh chun bonneagar fomhuirí ábhartha, acmhainneachtaí agus iomarcaíochtaí gaolmhara, leochaileachtaí, bagairtí agus rioscaí maidir le hinfhaighteacht seirbhíse agus an tionchar a bhíonn ag aga neamhfhónaimh na gcábalaí faoin bhfarraige ar na Ballstáit agus ar an Aontas ina iomláine a mhapáil, chomh maith le maolú riosca, cumais deisiúcháin, agus moltaí a mholadh chun athléimneacht/iomarcaíocht níos airde a áirithiú, más gá.	Ó 2023	BS, COM
4.8 An acmhainneacht rannchuidiú leis an gcomhrac i gcoinne bagairtí idirnáisiúnta eagraithe tromchúiseacha agus gníomhaíochtaí	4.8.1	Acmhainneacht na mBallstát a fheabhsú agus a mhéadú, le tacaíocht ó na gníomhaireachtaí lena mbaineann, chun gáinneáil neamhdhleathach a dhéantar trí mhuiriompar, nó ar muir (mar shampla coireanna comhshaoil, gáinneáil ar airm agus támhshuanaigh, smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine, iascaireacht NNN, etc.), a chosc, a bhrath agus a chomhrac, go háirithe trí ghníomhaíochtaí a fhorbairt faoi chuimsiú EMPACT.	Ó 2023	BS, EFCA, EMSA, Frontex, COM, EUROPOL
	4.8.2	Féachaint an bhféadfaí úsáid bhreise a bhaint as faisnéis faoi phaisinéirí arna soláthar ag oibreoirí iompair mhuirí, agus	Ó 2023	BS, COM,

aindleathacha a neartú chun cur le slándáil inmheánach an Aontais		rialacha idirnáisiúnta, rialacha an Aontais agus rialacha náisiúnta atá ann cheana á gcur san áireamh, chun feabhas a chur ar an tslándáil ag na teorainneacha seachtracha agus laistigh den Aontas.		Frontex, Europol
4.9 Teorainn a chur leis na rioscaí slándála a bhaineann le sonraí muirí a chomhroinnt le tríú tíortha	4.9.1	Measúnú a dhéanamh ar rioscaí bunaithe ar chineál na sonraí comhroinnte agus na hacmhainní agus na nósanna imeachta is gá a shainaithint chun na rioscaí sin a bhainistiú.	Ó 2023	SatCen, SEGS, COM, BS

Cuspóir Straitéiseach 5. Feabhas a chur ar chumais

Cuspóirí	Gníomhaíochtaí		Amlíne I gcás inarb infheidhme	Gníomhaithe lena mbaineann
5.1 Cumais dromchla a neartú	Cumais dromchla amach anseo a neartú agus dul i ngleic leis na heasnamh ar chumasóirí straitéiseacha			
	5.1.1	Réimse Fócais CARD maidir le Longa Dromchla Eorpacha den Aicme Patróil a chur chun tosaigh.	Ó 2023	BS, GEC
	5.1.2	Ceanglais choiteanna maidir le cosaint fórsa a fhorbairt d'fhórsaí cabhlaigh Bhallstáit an Aontais, agus dubailt neamhriachtanach a sheachaint.	Faoi 2025	BS, SEGS (EUMS), GEC
	5.1.3	Gníomhaíochtaí a thionscnamh chun éifeachtúlacht na tiomána, an táirgthe fuinnimh, na gcóras stórála agus bainistíochta agus na lóistíochta a mhéadú trí theicneolaíochtaí nua a chur chun feidhme.		
	5.1.4	Tacú le soghluaisteacht mhíleata mhuirí trí shocrú teicniúil a fhormheas le haghaidh socruithe maidir le cead gluaiseachta		

		trasteorann sa réimse muirí.		
	5.1.5	Ceanglais agus sonraíochtaí coiteanna a fhorbairt le haghaidh córais gan foireann amach anseo, lena n-áiríteofar go mbeidh na córais idir-inoibritheach.		
	5.1.6	Tacaíocht a chur ar fáil de réir mar a d'iarr na Ballstáit maidir le tionscadail PESCO, lena n-áirítear an Coirbhéad Patróil Eorpach.		
	5.1.7	Forbairt cumais iarbhír agus fáil na Chéad loinge san Aicme de chuid Coirbhéid Patróil Eorpach a chur chun cinn	Ó 2023	BS, COM
	5.1.8	Forbairt cumais iarbhír a chur chun cinn maidir le soitheach dromchla leath-uathoibríoch meánmhéide a bhfuil pálastaí misin modúlacha aici	Faoi 2024	BS, COM
	5.1.9	Forbairt cumas cabhlaigh amach anseo a chur chun cinn, i.e. córas cliste feidhmiúil córas d'ardáin chabhlaigh amach anseo	Faoi 2025	BS, COM
	5.1.10	Forbairt cumais iarbhír a chur chun cinn maidir le Rannpháirtíocht Chomhoibríoch Cabhlaigh bunaithe ar an bhFaireachas Comhoibríoch Cabhlaigh	Faoi 2026	BS, COM
5.2 Cumais faoi uisce a neartú	Cumais faoi uisce an Aontais a fheabhsú, lena n-áirítear frithbhearta mianach muirí			
	5.2.1	Coincheap na n-oibríochtaí de chuid an Aontais a fhorbairt le haghaidh frithbhearta mianach chun tacú leis an bpróiseas cinnteoireachta maidir le loingseoireacht agus oibriú sábháilte soithí muirí agus córas gan foireann, lena n-áirítear leas a bhaint as deiseanna a eascraíonn as gníomhaíochtaí forbartha agus taighde an Chiste Eorpaigh Cosanta.	Faoi 2025	BS, COM, GEC
	5.2.2	Leanúint de thionscadail spriocdhírithe PESCO (ATT, DIVEPACK, EUNDDC agus MAS MCM) a fhorbairt, agus leas a bhaint as		

		tacaíocht an taighde chomhpháirtigh chomhoibríoch agus na forbartha comhpháirtí comhoibríche ón gCiste Eorpach Cosanta agus ó thionscadail ina chlár réamhtheachtach, an Clár Eorpach Forbartha Tionscal i réimse na Cosanta (EDIDP).		
	5.2.3	Feabhas a chur ar chumais frithfhomhuireáin lena n-áirítear brath i dtéarmaí teicneolaíochta agus nósanna imeachta araon.	Faoi 2025	BS, GEC
	5.2.4	Forbairt teicneolaíochtaí a chur chun cinn a bhaineann le cur le chéile agus saithiú faoi uisce le foireann nó gan foireann agus le breathnú, brath, fáil agus cumarsáid faoi uisce.	Ó 2023	COM, BS
	5.2.5	Na forbairtí agus na réitigh theicneolaíocha don chéad chéim de choincheap na bhfrithbheart mianach a chur chun cinn.	Faoi 2024	COM, BS
	5.2.6	Forbairt cumas a chur chun cinn chun bonneagar criticiúil ar ghrinneall na farraige a dhaingniú chomh maith le forbairt cumas chun saithí faoi uisce a chomhrac, arb é atá iontu feithiclí ilchineálacha faoi uisce gan foireann.	Ó 2023	COM, BS
	5.2.7	Forbairt cumais iarbhír a chur chun cinn maidir le ladrann trom ilchuspóireach scuabtha mianach.	Ó 2023	COM, BS
5.3 Tacú le cabhlaigh agus gardaí cósta de chuid na mBallstát chun teicneolaíochtaí criticiúla agus cumais thionsclaíocha a fhorbairt	Teicneolaíochtaí agus gníomhaíochtaí taighde a shainaithint mar fhreagairt ar riachtanais chumais, agus Clár Oibre Uileghabhálach Straitéiseach GEC á chur san áireamh			
	5.3.1	Taighde a chur chun cinn ar réitigh nuálacha maidir le giniúint, stóráil, bainistiú agus dáileadh cumhachta a theastaíonn chun freastal ar éilimh arda fuinnimh is gá le haghaidh córais nua.	Faoi 2025	BS, COM, GEC
	5.3.2	Comhordú uathrialach ar chur le chéile le foireann nó gan foireann a mhéadú, lena n-áirítear teicneolaíochtaí saithe.		

	5.3.3	Faireachas agus cosaint líonraí cumarsáide ardluais, athléimneacha agus stóinsithe faoi uisce a áirithiú, le rannpháirtíocht na tionsclaíochta agus tríú tíortha i gcás inarb iomchuí.		
	5.3.4	Taighde a dhéanamh ar theicneolaíochtaí suaiteacha agus iad a chomhtháthú, lena n-áirítear an intleacht shaorga, teicneolaíochtaí mórshonraí agus teicneolaíochtaí candamacha.		
	5.3.5	Taighde agus forbairt a dhéanamh ar ollstruchtúr agus bonneagar coiteann digiteach long.		
	5.3.6	Uathoibriú soithí a mhéadú trí ardáin agus córais uathoibrithe athléimneacha a imscaradh a bhfuil foireann laghdaithe agus córais tacaíochta cinnteoireachta acu.		
	Spleáchais chriticiúla a dhéanann difear do bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch cosanta na hEorpa (EDTIB) a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu i gcomhar le chéile			
	5.3.7	Trí obair a dhéanamh ar Phríomhghníomhaíochtaí Straitéiseacha, feasacht a mhúscailt agus comhthuisceant idir na Ballstáit, institiúidí an Aontais agus gníomhaithe tionsclaíocha cosanta a chur chun cinn maidir leis na ganntanais agus na bearnaí atá ann cheana ó thaobh na réimsí tionsclaíocha agus teicneolaíochta de, chomh maith le bearnaí scileanna lena bhféadfaí an bonn a bhaint de shaoirse gníomhaíochta an Aontais.	Leanúnach	BS, GEC
	5.3.8	Comhar i measc na mBallstát a chur chun cinn trí thionscadail arna geistiú ag an gCiste Eorpach Cosanta a fhorbairt agus soláthar comhpháirteach cumas cabhlaigh a chur chun cinn, lena n-áirítear é sin a dhéanamh trí thionscnaimh chosanta an Aontais agus le tacaíocht ó na tionscnaimh sin.	Leanúnach	BS, COM, GEC

	Gníomhaíochtaí cabhlaigh agus garda cósta a ailíniú le cuspóirí an Chomhaontaithe Ghlais don Eoraip.			
	5.3.9	Measúnú a dhéanamh ar an bhféidearthacht cómhaitheacht idir tionscadail fuinnimh in-athnuaite amach ón gcósta agus gníomhaíochtaí cosanta trí anailís a dhéanamh an bhféadfaí tionscadail in-athnuaite amach ón gcósta nó úsáidí inbhuanaithe eile a chur chun feidhme i limistéir mhuirí a fhorchoimeádtar nó a úsáidtear le haghaidh gníomhaíochtaí míleata.	Faoi 2025	BS, COM, SEGS, GEC
	5.3.10	Teicneolaíochtaí in-athnuaite a fhorbairt (breosla in-athnuaite, innill iarfhéistithe, leictirí etc.), atá oiriúnach d'úsáid mhíleata sa réimse mhuirí.		

Cuspóir Straitéiseach 6. Oideachas agus oiliúint a chur ar fáil

Cuspóirí	Gníomhaíochtaí		Amlíne I gcás inarb infheidhme	Gníomhaithe lena mbaineann
6.1 Oideachas, oiliúint agus scileanna a chomhroinnt ar fud na n-earnálacha, na mBallstát agus na dtíortha comhpháirtíochta	6.1.1	Cur leis an obair a rinne na gníomhaireachtaí (EFCA, EMSA, Frontex) chun acmhainneacht agus oiliúint speisialaithe a fhorbairt faoin socrú oibre trípháirteach chun oiliúint trasearnála slándála mhuirí a eagrú maidir le forfheidhmiú an dlí, cúrsaí míleata, rialú teorann, gardaí cósta, an chibearshlándaíl, cosaint bonneagair mhuirí chriticiúil etc.	Ó 2023	BS, EFCA, EMSA, Frontex, ECGFF
	6.1.2	Rannpháirtíocht na mban san oideachas agus san oiliúint sa tslándáil mhuirí a chur chun cinn.	Ó 2023	BS, COM, SEGS
	6.1.3	Comhar agus oiliúint a chothú, lena n-áirítear i gcomhthéacs ECGFF, le Ballstáit agus le hionaid atá creidiúnaithe ag ECAT, le hionaid barr	Ó 2023	BS, SEGS,

		feabhais etc., agus lánurraim á tabhairt do phrionsabail na hoscailteachta frithpháirtí agus na trédhearcachta, na cómhálartachta agus na cuimsitheachta mar aon le neamhspleáchas cinnteoireachta an dá eagraíocht.		EFCA, EMSA, Frontex
	6.1.4	Breathnú ar sheimeastar cabhlaigh míleata idirnáisiúnta a fhorbairt faoi chuimsiú an ‘Tionscnamh Eorpach um malartú oifigeach óg airm’ (EMILYO – Erasmus Míleata ¹⁴).	Ó 2023	BS, SEGS (ESDC)
	6.1.5	Freachnaimh chomhpháirteacha a dhéanamh le comhpháirtithe neamh-AE chun borradh a chur faoin idir-inoibritheacht.	Ó 2023	BS, COM, SEGS
6.2 Leas a bhaint as an obair a dhéanann gníomhaireachtaí agus fóraim	6.2.1	Leanúint de bheith rannpháirteach ar bhonn <i>ad hoc</i> i bhfreachnamh COASTEX bunaithe ar phleanáil na mBallstát, COASTEX a fheabhsú agus a éagsúlú agus gníomhaíochtaí ábhartha a dhéanamh go rialta sna himchuacha farraige ar fud an Aontais.	Leanúnach	BS, EFCA, EMSA, Frontex, ECGFF
	6.2.2	Gníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta a dhéanamh agus MMO á chur chun feidhme an tráth céanna in imchuacha farraige roghnaithe ar fud an Aontais, arna iarraidh sin ag na Ballstáit agus ag cur le hobair EMSA, EFCA agus Frontex.	Leanúnach	BS, EFCA, EMSA, Frontex
	6.2.3	Na ceachtanna a foghlaimíodh ón gCreat um Cháilíochtaí Earnála a reáchtáil do ghardaí cósta a roinnt agus treoir, cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil maidir le dea-chleachtais a chur chun feidhme, lena n-áirítear é sin a dhéanamh maidir leis an gcibearshlándáil.	Ar bhonn rollach	BS, EFCA, EMSA, Frontex
6.3. Scileanna agus curaclaim chibearshlándála agus slándála hibridí sa	6.3.1	Leas a bhaint as an eolas agus as an oiliúint a chuireann HCoE Heilsincí ar fáil, lena n-áirítear an tsraith oibre slándála muirí atá acu, ar bhonn Lámhleabhar HCoE maidir le Bagairtí Hibrideacha Muirí ¹⁵ freisin.	Leanúnach	BS, COM, SEGS, HCoE

¹⁴ <http://www.emilyo.eu/>; níl baint ag an Tionscadal Eorpach um Malartú Oifigeach Óg Airm le Clár Erasmus+.

¹⁵ Is é lámhleabhar HCoE an bonn le haghaidh imeachtaí oiliúna ábhartha do na stáit rannpháirteacha agus d’oibreoirí agus lucht ceaptha beartas an Aontais agus ECAT.

réimse muirí a neartú	6.3.2	Scileanna cibearshlándála, scileanna slándála hibridí agus scileanna slándála a bhaineann leis an spás a neartú trí thacú le cúrsaí oiliúna spriocdhírthe maidir le cibirscileanna agus scileanna digiteacha don réimse muirí.	Ó 2023	BS, COM, EMSA
	6.3.3	Borradh a chur faoi scileanna cibearshlándála agus scileanna slándála hibridí trí churaclaim spriocdhírthe a bheidh le forbairt ag institiúidí inniúla agus/nó údaráis inniúla na mBallstát, á chur san áireamh gur chuir na Ballstáit agus an Coimisiún Eorpach de chúram ar EMSA cúrsa maidir leis an gcibearshlándáil mhuirí a fhorbairt do 2023.	Ó 2023	BS, COM, EMSA
6.4 Fothú acmhainneachta	6.4.1	Cláir oiliúna spriocdhírthe a chur i gcrích, lena n-áirítear faoi chuimsiú ECGFF, a bheidh oscailte do chomhpháirtithe lasmuigh den Aontas agus do gheallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach, de réir mar is iomchuí, chun dul i ngleic le bagairtí atá ann cheana agus atá ag teacht chun cinn ar an tslándáil mhuirí.	Leanúnach	BS, COM, SEGS, EMSA, Frontex, EFCA, ECGFF
	6.4.2	Gníomhaíochtaí oideachais agus oiliúna a chur chun cinn i dtíortha comhpháirtíochta chun mná a mhealladh chuig earnálacha ábhartha, lena n-áirítear feidhmeanna garda cósta, ina mbeidh gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais rannpháirteach agus geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear an earnáil phríobháideach de réir mar is iomchuí, freisin.	Leanúnach	BS, COM, SEGS, EMSA, Frontex, ECGFF
	6.4.3	An seimeastar cabhlaigh míleata idirnáisiúnta a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear scéim um malartú oifigeach óg airm.	Ó 2023	BS, SEGS
	6.4.4	Freachnaimh shibhialtacha-mhíleata a sheoladh bunaithe ar chásanna a bhaineann le dlínse chomhroinnte nó úsáid chomhroinnte cumas.	Ó 2023	

GLUAIS GIORRÚCHÁN

A

NWIO: Aigéan Indiach Thiar Thuaidh

AE: An tAontas Eorpach

EMPACT: An tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla

CARD: Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint

B

BS: Na Ballstáit

CRIMARIO: Bealaí Muirí Criticiúla sa Réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach

EDTIB: Bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí

CIS: Bonneagar Criticiúil EGNOS: Breis-Seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí

PESCO: Buanchomhar struchtúrtha

C

MASE: Clár chun Slándáil Mhuirí Réigiúnach a Chur Chun Cinn

Tionscadal PASSMAR: An clár tacaíochta don straitéis sábháilteachta agus slándála muirí san Afraic Láir

Cód ISPS: An Cód Idirnáisiúnta um Shlándáil Long agus Saoráid Chalafoirt Iascaireacht

HELCOM: Coimisiún Heilsincí - An Coimisiún chun Muirthimpeallacht Mhuir Bhailt a Chosaint

OSPAR: Coimisiún Osló Pháras

SOLAS: An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir

UNCLOS: Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige

CBSC: An Comhbheartas Slándála agus Cosanta

IORA: Comhlachas Imeall an Aigéin Indiaigh

ASEAN: Comhlachas Náisiún na hÁise Thoir Theas

RPAS: Córas Aerárthaí Cianrialaithe

Copernicus: An Clár Eorpach um Fhaire na Cruinne

EUROSUR: An Córas Eorpach um Fhaireachtas ar Theorainneacha

GALILEO: An Córas Eorpach um Loingseoireacht Satailíte

E

ECAT: Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh

INTERPOL: Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta

IMO: An Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

ERBInna: Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh

F

SHADE: Feasacht Chomhroinnte agus Díchoinbhleachtú

ECGFF: An Fóram Eorpach maidir le Feidhmeanna an Gharda Cósta

EUMS: Foireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh

MedCGFF: Fóram na Meánmhara maidir le Feidhmeanna Garda Cósta

EUNAVFOR: Fórsa cabhlaigh faoi cheannas an Aontais Eorpaigh

G

EBCG: An Garda Teorann agus Cósta Eorpach

ENISA: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshláid

EUROPOL: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí

GEC: An Gníomhaireacht Eorpach um Chosaint

EFCA: An Gníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach

EMSA: An Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí

L

MAOC-N: An Lárionad Anailíse agus Oibríochtaí Muirí – Támhshuanaigh

HCoE: An Lárionad Eorpach um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha, Heilsincí

SatCen: Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh

M

EUBAM na Libia: Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia

N

NNN: iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte

O

UNODC: Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht

S

SEGS: An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

SSMAE: Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh

T

Tionscadal SWAIMS: Tacaíocht do Shláid Mhuirí Chomhtháite na hAfraice Thiar

CISE: Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise

MARSUR: Tionscadal cosanta maidir le faireachas muirí

Treoir NIS2: An Treoir maidir le bearta chun leibhéal ard comhchoiteann slándála na gcóras gréasáin agus faisnéise a áirithiú ar fud an Aontais
GLUAIS GIORRÚCHÁN

A

NWIO: Aigéan Indiach Thiar Thuaidh

AE: An tAontas Eorpach

EMPACT: An tArdán Eorpach Ildisciplíneach i gCoinne Bagairtí Coiriúla

CARD: Athbhreithniú Comhordaithe Bliantúil ar Chosaint

B

BS: Na Ballstáit

CRIMARIO: Bealaí Muirí Criticiúla sa Réigiún Ind-Chiúin-Aigéanach

EDTIB: Bonn tionsclaíoch agus teicneolaíoch na cosanta Eorpaí

CIS: Bonneagar Criticiúil EGNOS: Breis-Seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí

PESCO: Buanchomhar struchtúrtha

C

MASE: Clár chun Slándáil Mhuirí Réigiúnach a Chur Chun Cinn

Tionscadal PASSMAR: An clár tacaíochta don straitéis sábháilteachta agus slándála muirí san Afraic Láir

Cód ISPS: An Cód Idirnáisiúnta um Shlándáil Long agus Saoráid Chalafoirt Iascaireacht

HELCOM: Coimisiún Heilsincí - An Coimisiún chun Muirthimpeallacht Mhuir Bhailt a Chosaint

OSPAR: Coimisiún Osló Pháras

SOLAS: An Coinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir

UNCLOS: Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige

CBSC: An Comhbheartas Slándála agus Cosanta

IORA: Comhlachas Imeall an Aigéin Indiaigh

ASEAN: Comhlachas Náisiúin na hÁise Thoir Theas

RPAS: Córas Aerárthaí Cianrialaithe

Copernicus: An Clár Eorpach um Fhaire na Cruinne

EUROSUR: An Córas Eorpach um Fhaireachas ar Theorainneacha

GALILEO: An Córas Eorpach um Loingseoireacht Satailíte

E

ECAT: Eagraíocht Chonradh an Atlantaigh Thuaidh

INTERPOL: Eagraíocht Idirnáisiúnta na bPóilíní Coireachta

IMO: An Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta

ERBInna: Eagraíochtaí Réigiúnacha Bainistithe Iascaigh

F

SHADE: Feasacht Chomhroinnte agus Díchoinbhleachtú

ECGFF: An Fóram Eorpach maidir le Feidhmeanna an Gharda Cóstá

EUMS: Foireann Mhíleata an Aontais Eorpaigh

MedCGFF: Fóram na Meánmhara maidir le Feidhmeanna Garda Cóstá

EUNAVFOR: Fórsa cabhlaigh faoi cheannas an Aontais Eorpaigh

G

EBCG: An Garda Teorann agus Cóstá Eorpach

ENISA: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándaíl

EUROPOL: Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí

GEC: An Gníomhaireacht Eorpach um Chosaint

EFCA: An Gníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach

EMSA: An Gníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí

L

MAOC-N: An Lárionad Anailíse agus Oibríochtaí Muirí – Támhshuanaigh

HCoE: An Lárionad Eorpach um Chur i gCoinne Bagairtí Hibrideacha, Heilsincí

SatCen: Lárionad Satailítí an Aontais Eorpaigh

M

EUBAM na Libia: Misean Cúnaimh an Aontais Eorpaigh um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha sa Libia

N

NNN: iascaireacht neamhdhleathach, neamhthuaisricithe agus neamhrialáilte

O

UNODC: Oifig na Náisiún Aontaithe um Dhrugaí agus Coireacht

S

SEGS: An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí

SSMAE: Straitéis Slándála Muirí an Aontais Eorpaigh

T

Tionscadal SWAIMS: Tacaíocht do Shlándaíl Mhuirí Chomhtháite na hAfraice Thiar

CISE: Timpeallacht Chomónta um Chomhroinnt Faisnéise

MARSUR: Tionscadal cosanta maidir le faireachas muirí

Treoir NIS2: An Treoir maidir le bearta chun leibhéal ard comhchoiteann slándála na gcóras gréasáin agus faisnéise a áirithiú ar fud an Aontais
